An Chomhairle Oidhreachta
The Heritage Council

Clár Deontas na Comhairle Oidhreachta

2012

Tabhair faoi deara, le do thoil, go bhfuil na scéimeanna uile faoi réir ag leorleibhéal cistíochta a bheith ar fáil don Chomhairle Oidhreachta in 2012

Clár Deontas na Comhairle Oidhreachta

Tá an Chomhairle lánfheasach ar a timpeallacht oibríochta. Go háirithe, is léir dúinn an gá atá le cuidiú leis an athshlánú náisiúnta agus le taispeáint conas is féidir don oidhreacht bheith ina foinse d'fhorbairt shóisialta agus eacnamaíochta. Cruthaíonn tionscadal na Comhairle Oidhreachta líon mór jabanna ardscile áitiúla agus tugann tacaíocht dóibh. Éilíonn mórán de na jabanna sin cur amach ar scileanna traidisiúnta Gaelacha, scileanna gairmiúla nua-aoiseacha agus tuiscint dár n-oidhreacht, mar ár ngnáthóga, fiadhúlra agus seandálaíocht.

Chomh maith le jabanna a chruthú go díreach tugann Tionscadail na Comhairle Oidhreachta tacaíocht do dhá cheann de na hearnálacha is tábhachtaí in eacnamaíocht na hÉireann, mar atá turasóireacht agus talmhaíocht. Mar shampla, déanann formhór na dtionscadal leas na turasóireachta áitiúil i raon leathan bealaí. Meallann ár dtionscadail turasóirí náisiúnta agus idirnáisiúnta go ceantair nár spéis le turasóirí roimhe sin. Fiú nuair nach dtugann turasóireacht teacht isteach díreach don eagraíocht ar leith, cuireann turasóireacht borradh faoin eacnamaíocht áitiúil, trí mhéadú trádála agus caithimh i ngnóthaí áitiúla.

Ó 1998 i leith tá deontais á dtairiscint ag an gComhairle Oidhreachta gach bliain chun tacú le tionscadail oidhreachta. Déanann an Crannchur Náisiúnta na deontais seo a mhaoiniú.

I mbliain 2008 thosaigh an Chomhairle Oidhreachta ar athbhreithniú a dhéanamh ar a tosaíochtaí agus ar a cláir oibre, á scagadh lena dheimhniú go ndéileálfadh an Chomhairle leis an oidhreacht ar bhealach níos comhtháthaithe agus go bhfreastalódh sí ar an timpeallacht athraithe. Dá bhrí sin, rinne an Chomhairle athbhreithniú ar a córas deontas; tugadh céad chéim na n-athruithe isteach ó 2010 agus an dara céim ó 2011.

Imlíniú ar an gcóras
Cuireann an Chomhairle fáilte roimh iarratais ar dheontais faoi thrí scéim:

- **Taighde Oidhreachta** a sholáthraíonn cúnamh do bhailiú sonraí agus do thaighde a bhaineann le hoidhreacht na hÉireann
- **Bainistíocht Oidhreachta** a thacaíonn le tionscadail a chuireann dea-chleachtas oidhreachta i bhfeidhm ar bhainistíocht áiteanna, bailiúchán nó réada (foirgnimh san áireamh)
- **Tionscnaimh Oideachais Oidhreachta, Pobail agus For-rochtana** a thacaíonn agus a nascann oidhreacht le pobail agus a chuireann rannpháirtíocht ghníomhach san oidhreacht agus léirthuiscint an phobail ar an oidhreacht chun cinn.

Cé leis is féidir iarratas a dhéanamh?
Tá gach scéim ar oscailt do dhaoine indibhidiúla, eagraíochtaí neamhbhrabúis mar ENRanna comhshaoil, grúpaí áitiúla pobail, cumainn oidhreachta agus caomhnaithe, údaráis áitiúla, eagraíochtaí reachtúla, institiúidí acadúla agus cuideachtaí príobháideacha.

Tig le gairmiúlach nó le comhairleoir eile iarratas a chomhlánú thar ceann chliaint, ach ní mór é an cliant a ainmniú mar Iarratasóir. Déanfar an chumarsáid uile leis an Iarratasóir, agus ní mór don chomhairleoir na sonraí logála isteach ar chóras ar-líne deontais na Comhairle a sholáthar don Iarratasóir. Ní féidir iarratas a chlárú in ainm ghairmiúlaigh ná comhairleora eile ag gníomhú thar ceann an chliaint.

Tá na scéimeanna ar oscailt d'iarratasóirí ó gach cearn den domhan ach caithfear an obair a chomhlíonadh in Éirinn. Tá tionscadail atá lonnaithe i bPoblacht na hÉireann, i dTuaisceart Éireann nó sa dá dhlínse incháilithe, ach tabharfar tús áite do thionscadail ón bpoblacht. Ba chóir glacadh leis go gcuimsíonn tagairtí sa doiciméad seo d'institiúidí agus do reachtaíocht sa phoblacht agus d'institiúidí agus reachtaíocht choibhéiseach i dTuaisceart Éireann; ní mór d'iarratasóirí ó lasmuigh den phoblacht géilleadh do dhlí cánach na hÉireann.

Tabhair faoi deara, le do thoil, go bhfuil na scéimeanna uile faoi réir ag leorleibhéal cistíochta a bheith ar fáil don Chomhairle Oidhreachta in 2012

Is mór againn an t-am agus an iarracht a ghabhann le hiarratas a chur isteach ar dheontas ón gComhairle Oidhreachta, go háirithe nuair nach bhfuilimid i riocht ráthaíocht a dhéanamh ar chistíocht ag an am seo. Táimid dóchasach ar a shon sin go mbeimid i riocht leanúint lenár scéimeanna deontais in 2012 leis an acmhainn chéanna ar a laghad is a bhí again in 2011. D'fhonn a bheith i riocht luacháil agus feitheoireacht a dhéanamh ar thionscadail deontas go críoch in 2012 is gá don Chomhairle Oidhreachta an próiseas a thosú anois.

Tuilleadh eolais

Tá breis eolais níos faide anonn sa doiciméad seo:

Na Trí Scéim:	leathanach 4
Maoiniú:	leathanach 6
An próiseas iarratais:	leathanach 8
An próiseas measúnachta (a chuireann in iúl duit cad atá á lorg ag an gComhairle):	leathanach 9
Incháilitheacht:	leathanach 9
Na riachtanais um nósanna imeachta:	leathanach 10
Na critéir bhunúsacha:	leathanach 12
Céim an roghnaithe:	leathanach 13
Céim an fhaofa:	leathanach 14
Coinníollacha na tairiscinte:	leathanach 14
Aguisín 1: An fhoirm iarratais:	leathanach 16
Aguisín 2: Oifigigh Oidhreachta:	leathanach 26
Aguisín 3: Foinsí úsáideacha eolais:	leathanach 30
Aguisín 4: Dea-chleachtas oidhreachta:	leathanach 31
Aguisín 5: Institiúidí nach mór : cóipeanna de thorthaí nó de shonraí an tionscadail a chur chucu:	leathanach 32
Aguisín 6: Iarratais ar líne: Gnéithe teicniúla:	leathanach 33

Na trí scéim

Scéim	Taighde Oidhreachta	Bainistíocht Oidhreachta	Oideachas Oidhreachta, Pobail agus For-rochtana
	Is cuspóir don scéim seo cúnamh a sholáthar do bhailiú sonraí agus do thaighde a bhaineann le hOidhreacht na hÉireann.	Bainistíocht Oidhreachta a tha-caíonn le tionscadail a chuireann dea-chleachtas oidhreachta i bhfeidhm ar bhainistíocht áiteanna, bailiúchán nó réada (foirgnimh san áireamh)	Is aidhm don scéim seo tacú le tion-scnaimh a nascann oidhreacht le pobail trí oideachas agus trí fhor-rochtain, rannpháirtíocht ghníom-hach san oidhreacht agus léirthu-iscint an phobail ar an oidhreacht a chur chun cinn.
Cuimisiúch án	Cuimsíonn an scéim seo taighde, bailiú agus tiomsú sonraí. Is féidir na haschuir a bheith: • d'úsáid láithreach bonn mar chuid de thionscadal bain-istíochta oidhreachta • d'úsáid fhadtéarmach chun polasaí ar oidhreacht na hÉireann a cheapadh. Sa chás seo caithfear na torthaí a chur ar fáil do na déantóirí polasaí, an pobal taighde agus an pobal i gcoitinne; Tá liosta d'institiúidí gur féidir go gcaithfí torthaí a thabhairt dóibh in Aguisín 5.	Cuimsíonn an scéim: • pleanáil um chaomhnú agus bainistíocht gnáthóga (nó suíomh fiadhúlra) • caomhnú bailiúchán agus réada oidhreachta, doiciméid san áireamh • oibreacha a dheimhníonn marthanas foirgneamh nó struchtúr oidhreachta, faoi phlean bainistíochta a chuireann dea-chleachtas i gcaomhnú foirgneamh i bhfeidhm • speicis ionracha a rialú.	Tacaíonn an scéim seo le: • táirgeadh foilseachán ard-cháilíochta ar thopaicí oidhreachta le suntas náisiúnta • taispeántais, comhdhálacha, • seimineáir nó cláir thraenála • seirbhísí eolais agus úsáid na nua-mheán • deiseanna le taitneamh gníomhach a bhaint as an oidhreacht, trí úsáid a bhaint as ealaín, drámaíochta agus áineas • tionscnaimh a chuireann le luach gníomhaíochtaí reatha institiúideacha .
Acmhainní	Beidh ar iarratasóirí a léiriú: • go bhfuil taithí acu ar thaighde iomchuí i réimse a dtionscadail • go bhfuil cion tairbhe bunaidh lena gcuid taighde	Beidh ar iarratasóirí duine inniúil le heolas, scileanna agus saineo-las i réimse iomchuí oidhreachta a aithint a dhéanfaidh an tion-scadal a mhaoirsiú.	Beidh ar iarratasóirí duine inniúil, le taithí, a thabharfaidh comhairle maidir le hoidhreacht nó cumarsáidí mar is cuí, a aithint. Do tháirgeadh leabhar, bainfidh buntáiste le húsáid seirbhísí gair-miúla foilseacháin agus dáiliúcháin.
Réimsí	Ní thig leis an gComhairle breith-niú ach ar iarratais i réimsí na hoidhreachta náisiúnta atá sainithe in *Acht Oidhreachta 1995*: séadchomharthaí, míreanna se-andálaíochta, oidhreacht ailti-reachta, fásra, ainmhithe, gnáthóga fiadhúlra, tírdhreacha, muirdhreacha, raiceanna, geo-laíocht, gairdíní agus páirceanna oidhreachta, agus Uiscebhealaí Intíre.	Ní thig leis an gComhairle breith-niú ach ar iarratais i réimsí na hoidhreachta náisiúnta atá sainithe in *Acht Oidhreachta 1995*: séadchomharthaí, míre-anna seandálaíochta, oidhreacht ailtireachta, fásra, ainmhithe, gnáthóga fiadhúlra, tírdhreacha, muirdhreacha, raiceanna, geo-laíocht, gairdíní agus páirceanna oidhreachta, agus Uiscebhealaí Intíre.	Ní thig leis an gComhairle breithniú ach ar iarratais i réimsí na hoidhreachta náisiúnta atá sainithe in *Acht Oidhreachta 1995*: séad-chomharthaí, míreanna se-andálaíochta, oidhreacht ailti-reachta, fásra, ainmhithe, gnáthóga fiadhúlra, tírdhreacha, muirdhreacha, raiceanna, geo-laíocht, gairdíní agus páirceanna oidhreachta, agus Uiscebhealaí Intíre.

Scéim	Taighde Oidhreachta	Bainistíocht Oidhreachta	Oideachas Oidhreachta, Pobail agus For-rochtana
Tosaíochtaí	Is féidir go dtabharfaí tosaíocht do thionscadail ar ghnéithe oidhreachta ar déanadh failí iontu, nach bhfuil eolas forleathan orthu nó atá faoi bhagairt, nó do thionscadail a chomhchuimsíonn roinnt gné den oidhreacht.	Is féidir go dtabharfaí tús áite do thionscadail atá ábalta rannpháirtíocht san oidhreacht ar leibhéal áitiúil a spreagadh m.sh. trí shaorálaithe a earcú agus a úsáid	Is féidir go dtabharfaí tús áite do thionscadail chruthaitheacha a chuireann luach na hoidhreachta in iúl trí: • chineálacha nua agus nuálacha teicneolaíochta a úsáid • naisc a fhorbairt idir institiúidí, eagraíochtaí deonacha agus daoine indibhidiúla • rochtain ar lucht féachana nua.
Samplaí	Seo a leanas roinnt samplaí de thionscadail fhéideartha faoin scéim um Thaighde Oidhreachta • suirbhé ar oidhreacht cois cósta ag cur ceantair idirthaoideacha agus faoi uisce san áireamh • staidéar ar stíleanna, ábhar agus teicníceanna traidisiúnta a úsáidtear i dtuíodóireacht i gceantar ar leith • measúnú ar an gcion tairbhe eacnamaíochta a dhéanann suíomh oidhreachta don phobal áitiúil • suirbhé allamuigh seandálaíochta agus fiadhúlra le heolasú a dhéanamh ar scéim bainistíochta reilige • tuarascáil chaomhnaithe ar fhuinneog dhaite • measúnú a dhéanamh ar riachtanais chaomhnaithe réada nó bailiúcháin áirithe Tabhair faoi deara gur samplaí seachas moltaí iad seo.	Seo a leanas roinnt samplaí de thionscadail fhéideartha faoin scéim um Bainistíocht Oidhreachta: • plean caomhnaithe do theach stairiúil, a shuíomh san áireamh • oibreacha bainistíochta chun gnáthóga tábhachtacha a athshlánú • an obair molta i dtuarascáil chaomhnaithe nó i bplean bainistíochta fiadhúlra a déanadh roimhe a chomhlíonadh • obair chothabhála ar dhealbh nó ar olaphictiúr • speicis ionracha mar ródaideandrón a bhaint ó choillearnach • boscaí cartlainne do dhoiciméid leochaileacha Tabhair faoi deara gur samplaí seachas moltaí iad seo. .	Seo a leanas roinnt samplaí de thionscadail fhéideartha faoin scéim um Oideachas Oidhreachta, Pobal agus For-rochtain: • comhdháil nó taispeántas ar oidhreacht cheantair • leabhar ardchaighdeáin, deatháirgthe ar ábhar oidhreachta le tábhacht náisiúnta • seimineár ar scileanna traidisiúnta mar mhoirtéal aoil, thuíodóireacht • tionscadal oideachais le músaem nó cartlann i gcomhar le scoileanna áitiúla • turais allamuigh do scoileanna go láithreáin oidhreachta • imeachtaí a úsáideann ealaín, drámaíocht nó meáin nua le ceisteanna oidhreachta a chíoradh. Tabhair faoi deara gur samplaí seachas moltaí iad seo.
Réimsí ar thosaíocht íseal	• Stair shóisialta • Stair ar bhailiúcháin	• Tionscadail ar áiseanna agus ar thírdhreachadh	• Tionscadail Bunscoile (Tugann an Chomhairle Oidhreachta tacaíocht don earnáil seo trí chistiú a dhéanamh ar Scéim na hOidhreachta sna Scoileanna) • Tréimhseacháin, imeachtaí comhdhálacha, athchlónna, foilseacháin turasóireachta agus fógraíochta • Garraithe glasraí
Eisiaimh	Ní bhreathnófar ar thionscadail chun aon chuid d'fhreagracht reachtúil nó bhunaigh ag aon chomhlacht san earnáil phoiblí a chomhlíonadh. Cuimsíonn sin obair a bhaineann le forfheidhmiúchán Threoracha nó Chreat-treoracha um Ghnáthóga, Éin, Uisce nó Straitéis Mhuirí. Ar a shon sin, déanfar taighde comhlántach do na freagrachtaí sin a mheas. Ní féidir le mic léinn iarchéime cistiúchán faoin scéim seo a úsáid le hobair ar a dtráchtais a chomhlíonadh. Níl an Chomhairle Oidhreachta i riocht le cistiú a dhéanamh ar thochailtí seandálaíochta ná ar anailís nó tuairisciú iar-thochailte.	Ní bhreathnófar ar thionscadail chun aon chuid d'fhreagracht reachtúil nó bhunaigh ag aon chomhlacht san earnáil phoiblí a chomhlíonadh. Cuimsíonn sin obair a bhaineann le forfheidhmiúchán Threoracha nó Chreat-treoracha um Ghnáthóga, Éin, Uisce nó Straitéis Mhuirí. Ar a shon sin, déanfar tionscadail chomhlántacha do na freagrachtaí sin a mheas. Ní féidir le mic léinn iarchéime cistiúchán faoin scéim seo a úsáid le hobair ar a dtráchtais a chomhlíonadh. Níl an Chomhairle Oidhreachta i riocht le cistiú a dhéanamh ar thochailtí seandálaíochta ná ar anailís nó tuairisciú iar-thochailte.	Ní bhreathnófar ar thionscadail chun aon chuid d'fhreagracht reachtúil nó bhunaigh ag aon chomhlacht san earnáil phoiblí a chomhlíonadh. Cuimsíonn sin obair a bhaineann le forfheidhmiúchán Threoracha nó Chreat-treoracha um Ghnáthóga, Éin, Uisce nó Straitéis Mhuirí. Ar a shon sin, déanfar tionscadail chomhlántacha do na freagrachtaí sin a mheas. Ní féidir le mic léinn iarchéime cistiúchán faoin scéim seo a úsáid le hobair ar a dtráchtais a chomhlíonadh. Níl an Chomhairle Oidhreachta i riocht le cistiú a dhéanamh ar thochailtí seandálaíochta ná ar anailís nó tuairisciú iar-thochailte. **Leathanach 5**



Tagann leithdháileadh deontais na Comhairle Oidhreachta ón gCrannchur Náisiúnta, tríd an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta. Faoi réir a cinntí ar leithdháiltí buiséid, tá beartaithe ag an gComhairle leithdháileadh ar a trí scéim mar seo a leanas:

Taighde Oidhreachta	€400,000
Bainistíocht Oidhreachta	€750,000
Oideachas Oidhreachta, Pobail agus For-rochtana	€200,000

Ní shainíonn an Chomhairle líon na dtionscadal a mhaoineofar ná méid tionscadal gur féidir iarratas a dhéanamh ina leith. Ar a shon sin, níl an méid atá ar fáil mór go leor chun go gceadófaí mórán dámhachtainí os cionn €20 000 a dhéanamh agus, faoi na scéimeanna roimhe seo, bhí sé de nós ag an gComhairle líon níos mó tionscadal a mhaoiniú le méideanna ábhar go maith faoi bhun na méideanna a iarradh sna hiarratais.

Buiséad

Iarrtar ort i bhfoirm iarratais bhuiséid (simplithe ó anuraidh) costas iomlán do thionscadail, an chistíocht lena bhfuil súil agat ó fhoinsí seachas an Chomhairle agus méid an deontais ar mhaith leat a fháil ón gComhairle a thaispeáint.
Tá cead agat cuid mhaith do cheannteidil féin a úsáid, ach iarrann an fhoirm ort sonraí áirithe breise a thabhairt ar chostais agus ar chistíocht. Iarrann sí ort chomh maith ceisteanna a fhreagairt ar shainphointí áirithe, ina measc an soláthar airgeadais atá déanta agat le teacht le bunchritéir chlár na ndeontas (a mhínítear níos faide anonn sa leabhrán seo).

Má tá do bhuiséad féin ullmhaithe agat, moltar duit cóip de a uaslódáil, chomh maith le haon doiciméid ábhartha eile airgeadais dála litreacha ó urruithe. Ní mór duit cóipeanna a thabhairt de luachain, meastacháin nó fianaise eile mar thacaíocht leis na figiúir a thugtar faoi cheannteideal ar bith ar bhreis is 10% den chaiteachas buiséid. Is féidir go n-éileodh an Chomhairle ar iarratasóirí go n-éiríonn leo meastacháin athbhreithnithe a iarraidh do mhíreanna nó do chaiteachas áirithe.

Taifid agus iniúchadh

Tá na híocaíochtaí uile deontais, eatramhach agus deiridh, faoi réir ag iniúchadh ag an gComhairle Oidhreachta nó ag an t -é a cheapann sí. Éileoidh na hiniúchóirí fianaise ar gach aon íocaíocht, agus dá bhrí sin, beidh rochtain uathu ar na taifid uile airgeadais maidir leis an deontas, do chuid ráiteas bainc agus na bunsonraisc san áireamh. Dá réir sin, ní mór duit do chuid taifead uile do gach aon deontas ar leith a choinneáil go ceann trí bliana ón gcéad íocaíocht a thugtar duit faoin deontas sin.

Aisghlámaí

Má tá deontas tugtha ag an gComhairle d'obair ar fhoirgneamh agus go ndíoltar an foirgneamh laistigh de dheich mbliana ó íocadh an deontas, tig leis an gComhairle aisghlámadh a dhéanamh ar iomlán nó ar chuid den airgead ó dhíol na maoine.

Sciar an chaiteachais atá le maoiniú

Le blianta beaga anuas, fuair formhór na dtionscadal a chistigh an Chomhairle deontais d'idir 30% agus 50% de luach iomlán an tionscadail. Fuair líon beag tionscadal eisceachtúla suas le 75%, an sciar is mó a chlúdóidh an Chomhairle.

Is féidir go maoineoidh an Chomhairle sciartha éagsúla de thionscadail éagsúla. Is féidir go ndéanfadh sí cinneadh cuid de chostais tionscadail a mhaoiniú agus diúltú maoiniú a thabhairt do chinn eile.

Srianta

Ní chlúdóidh an Chomhairle caiteachas a ghabhann le

- taisteal thar lear
- cothú agus cóiríocht
- trealamh oifige
- forchostais.

Cé go bhfuil cead agat cibé rátaí is maith leat in aghaidh an lae a íoc ar shaothar, beidh deontais na Comhairle teoranta do na rátaí seo:

Saothar neamhoilte	€80 sa lá
Saothar oilte	€150 sa lá
Saothar Gairmiúil	€300 sa lá
Bainistíocht, riarachán agus saothar tacaíochta	€300 sa lá

Foinsí eile cistíochta

Is do bhuiséad á dhréachtú agat, ba chóir duit pleananna teagmhasacha a bheith agat le go leanfaidh do thionscadal chun cinn fiú má mhaoiníonn an Chomhairle níos lú ná an sciar ar a ndearna tú iarratas. I measc d'fhoinsí eile ioncaim a fhéadfaí a chuimsiú tá:

- tiomsú airgid
- urraíocht
- deontais nó maoiniú ó fhoinsí eile
- íocaíocht ó d'acmhainní féin.

Moltar duit luach a chur ar obair neamhíoctha a rinne baill de d'eagraíocht, de d'fhoireann tionscadail nó saorálaithe eile chun cuidiú leis an tionscadal. De ghnáth ní thabharfaidh obair shaorálach (ach amháin i dtiomsú airgid) aon airgead tirim isteach le caitheamh ar chostais an tionscadail, ach léiríonn úsáid dea-phleanáilte saorálaithe tiomantas, leathnaíonn sé rannpháirtíocht agus tugann sé obair úsáideach i gcrích. Ceadaíonn an fhoirm iarratais duit luacháil a dhéanamh ar an obair seo; léiríonn sí na huasrátaí is féidir a úsáid i gcostáil ama saorálaigh.

Céimeanna

Má tá tionscadal comhdhéanta de chéimeanna éagsúla, agus má tá céimeanna luatha críochnaithe cheana féin, is féidir iarratas a dhéanamh ar dheontas chun an chéad chéim eile den tionscadal a chríochnú. Chomh maith céanna, is féidir leat tionscadal nua a dhearadh le go mbeidh sé comhdhéanta de chéimeanna ar leith.

Ní mór saothar aonair a chríochnú i ngach céim dá leithéid. Mar shampla, d'fhéadfadh tionscadal bainistíochta oidhreachta bunaithe ar theacht ar lorg tionscadail taighde i réimse áirithe, agus, ina thuras, tionscadal oideachais agus for-rochtana ag leathadh eolais ó chéim an taighde nó ag cur rannpháirtíochta le míreanna oidhreachta nó leis an láithreán oidhreachta áirithe chun cinn. Arís, ní mór saothar aonair a chríochnú i ngach céim dá leithéid.

Ar a shon sin, fiú má mhaoiníonn an Chomhairle ceann nó níos mó de na luathchéimeanna, ní féidir léi ráthaíocht a dhéanamh go ndéanfaidh sí aon nó gach c(h)éim a thagann ina dhiaidh sin a mhaoiniú.

Ní féidir leis an gComhairle tionscadail a mhaoiniú go cúlghabhálach. Ní féidir a maoiniú a úsáid chun íoc as ghníomhaíochtaí a dtugtar fúthu roimh ghlacadh le litir thairisceana go déanach i Mí Feabhra 2012.

Coinníollacha tairisceana

Déanann na Coinníollacha tairisceana (féach leathanach 14) rianú ar na taifid agus na tuarascálacha airgeadais a éileofar ort, do chuid tiomantais agus geallúintí, do dhliteanas d'iniúchadh agus an córas d'íoc deontas.

An próiseas iarratais

Ní mór iarratais a chur isteach, ag úsáid ár gcóras iarratais ar-líne, roimh 5.00pm ar an 11 Samhain 2011.
Éilíonn iarratas a chur le chéile cuid mhaith ama: éilíonn pleanáil an tionscadail, comhlánú na foirme iarratais agus doiciméideacht tacaíochta a sholáthar roinnt mhaith ama agus iarrachta. I rannáin níos faide anonn sa leabhrán seo, sonraítear cad atá riachtanach agus cad is gá chun iarratas rathúil a dhéanamh. Léigh an leabhrán ina iomláine le do thoil sula dtosaíonn tú ar chomhlánú an iarratais.

Beidh dícháiliú i gceist i gcás stocaireachta thar ceann aon iarratasóra.

An córas ar-líne

Má bhain tú úsáid as córas ar-líne na Comhairle bliain ar bith roimhe seo, tig leat logáil isteach ar **www.heritagecouncil.ie/grants/online-grants-system/** leis an ainm úsáideora agus an pasfhocal atá agat cheana féin. Mura ndearna tú iarratas cheana, téigh go suíomh gréasáin na Comhairle ag **www.heritagecouncil.ie/grants/online-grants-system/** agus treorófar tríd an bpróiseas thú. Gheobhaidh tú ainm úsáideora agus pasfhocal, agus is féidir leat d'iarratas ar líne a chomhlánú i gcéimeanna sula gcuireann tú isteach go dtí an Chomhairle Oidhreachta é. Is féidir an t-iarratas a sheiceáil agus a leasú aon uair sula gcuireann tú isteach é; ní ghlacfaidh an córas leis an iarratas go dtí go gcomhlánaítear an fhoirm.

Tig le gairmiúlach nó le comhairleoir eile iarratas a chomhlánú thar ceann chliaint, ach meastar gurb é an cliant an t-Iarratasóir.. Déanfar an chumarsáid uile leis an Iarratasóir, agus ní mór don chomhairleoir na sonraí logála isteach ar chóras ar-líne deontais na Comhairle a sholáthar don Iarratasóir.

Is féidir eolas breise a sholáthar i bhformáid leictreonach; soláthraíonn iarratais ar-líne Aguisín 6: soláthraíonn gnéithe teicniúla treoir.

An fhoirm iarratais

Soláthraíonn Aguisín 1 den doiciméad seo comhairle mioninste ar chomhlánú na foirme iarratais. Is fiú duit am a chaitheamh ag pleanáil do chuid freagraí sula gcomhlánaíonn tú an fhoirm.

I ngach cás iarraimid duine amháin a bheith ina dhuine sainithe teagmhála: déanfar gach cumarsáid maidir leis an tionscadal leis an duine sin, trí ríomhphoist (an príomh-mhodh d'iarratasóirí ar líne), tríd an bpost nó ar an teileafón.

Cuireann an chéad rannán eile den doiciméad seo, An próiseas measúnachta, in iúl duit cad a lorgaíonn an Chomhairle is iarratais á meas aici. Tá trí thacar de riachtanais ann. Clúdaíonn an chéad tacar cáilitheacht: mar shampla, mura bhfuil do thionscadal i gceann de na réimsí atá sainithe in Acht Oidhreachta, 1995, ní féidir é a bhreithniú. Clúdaíonn an dara ceann riachtanais um nósanna imeachta: mar shampla, má tá d'iarratas déanach, nó neamhiomlán, diúltófar dó. Clúdaíonn an tríú tacar critéir bhunúsacha: mar shampla, mura léiríonn tú go mbeidh leasa fadtéarmacha ag baint le do thionscadal, diúltófar do d'iarratas. Baineann iarratasóirí géilliúla an chéim dheiridh amach, mar a dhéanann an Chomhairle na hiarratais iomaíochta a mheas agus na hiarratais sin a gheobhaidh deontais a roghnú.

Roghnú Scéime

Tá foirm amháin iarratais á úsáid againn dona trí scéim. Ar a shon sin, caithfidh tú an scéim go bhfuil iarratas á dhéanamh agat ina leith a roghnú: ní féidir leis an gComhairle tionscadail a aistriú ó scéim go chéile. Cuir iarratas isteach le do thoil don scéim is oiriúnaí do phríomhchuspóirí do mholta.

Leideanna

- Bíodh d'iarratas pleanáilte go maith agat roimh ré. Tabhair go leor ama duit féin chun an fhoirm a chomhlánú agus chun na doiciméid a scanadh nó a aistriú go PDF. Cuimhnigh go mb'fhéidir go mbeadh ort am a chaitheamh ag taisteal: mar shampla, chun cóipeanna de dhoiciméid a fháil ó leabharlann nó chun scanóir a úsáid ag caifé idirlín.
- Bíodh tuairim réalaíoch agat ar an rud atá uait agus cén costas atá ar do thionscadal — agus plean tacachumais ar eagla nach dtabharfaí oiread airgid agus ba mhaith leat duit.
- Bíodh sceideal réadúil agat, mar shampla, is beag dóchúlacht ann go bhféadfá, laistigh de naoi mí, taighde a dhéanamh ar thopaic agus leabhar fiúntach a fhoilsiú ar an taighde sin.
- Léigh an rannán dar teideal Coinníollacha Tairisceana sa doiciméad seo agus deimhnigh go bhfuil tú i riocht géilleadh dóibh.
- Iarr cabhair. Mar shampla, tá Oifigigh Oidhreachta i bhformhór na n-údarás áitiúla gur féidir go bhféadfaidís cúnamh a thabhairt duit le d'iarratas. Tá siad sin, agus foinsí eile eolais, liostáilte in Aguisín 2 agus Aguisín 3.
- Léigh na ceisteanna uile go maith sula bhfreagraíonn tú iad.
- Tabhair faoi deara go bhfuil gach mír faisnéise a chuirtear isteach go dtí an Chomhairle Oidhreachta faoi réir an Acht um Shaoráil Faisnéise, 1997, mar sin ná glac leis go gcoimeádfar an t-eolas in d'iarratas faoi rún.

Bunachar sonraí agus cosaint sonraí

Coinníonn an Chomhairle Oidhreachta bunachar sonraí ríomhaireachta a thógáil de dhaoine agus eagraíochtaí a chuireann spéis i gcúrsaí oidhreachta. Baintear úsáid as an mbunachar sonraí seo le cumarsáid a dhéanamh lena leithéidí de dhaoine mar gheall ar an gComhairle, a cuid gníomhaíochtaí agus na nithe is spéis léi; ní chuirfear eolas ón mbunachar sonraí ar fáil d'aon duine eile ach de réir dlí. Mura bhfuil tú air cheana féin, ba mhór linn é toiliú a fháil uait le do chuid sonraí a chur leis an mbunachar sonraí seo.. Ar a shon sin, níl aon bhac ort toiliú a dhiúltú.

An próiseas measúnachta

Déanann foireann agus baill na Comhairle Oidhreachta agus a coistí gach iarratas a mheasúnú faoi na critéir atá ábhartha do gach scéim ar leith. Comhlíonfar an próiseas measúnachta idir Mí na Samhna 2009 agus go luath i Mí Feabhra 2011. Cuirfear iarratasóirí ar an eolas maidir leis an toradh i lár Feabhra 2011.

Tá ceithre chéim sa phróiseas measúnachta:

- sa chéad dul síos, déanaimid seiceáil féachaint an bhfuil d'iarratas incháilithe le breithniú. Is féidir go ndiúltófaí do roinnt iarratas ag an gcéim seo
- ar an dara dul síos, seiceálaimid go bhfuil na gnásanna iarratais comhlánaithe agat go cuí. Is féidir go ndiúltófaí do roinnt iarratas ag an gcéim seo
- ar an tríú dul síos, seiceálaimid gur ghéill tú do na critéir bhunúsacha Do thionscadail mholta tuíodóireachta, cuimseoidh ár gcuid seiceála cigirí a chur ar thuras ar na foirgnimh atá i gceist
- ar an gceathrú dul síos, déanaimid comparáid idir na hiarratais uile chun na cinn is fearr orthu a roghnú.

Incháilitheacht

Diúltóimid d'iarratais a dhéantar lasmuigh de na réimsí atá sainithe in Acht Oidhreachta 1995 de bhrí nach bhfuil feidhm ag an gComhairle lasmuigh de na réimsí sin. Dá bhrí sin, ní mór d'iarratas a bheith i leith tionscadail i gceann de na réimsí seo den oidhreacht náisiúnta: séadchomharthaí, míreanna seandálaíochta, oidhreacht ailtireachta, fásra, ainmhithe, gnáthóga fiadhúlra, tírdhreacha, Muirdhreacha, raiceanna, geolaíocht, gairdíní agus páirceanna oidhreachta, agus uiscebhealaí intíre. Lena chois sin, ní mór dod iarratas luach oidhreachta do thionscadail a shoiléiriú.

Diúltóimid chomh maith iarratais ar chistíocht do thionscadail atá eisiata go sonrach faoi chritéir na scéime deontais:

- tionscadail atá ceaptha le comhlíonadh aon chuid d'aon cheann de fhreagrachtaí reachtúla nó bunaidh aon chomhlachta poiblí
- obair le mic léinn iarchéime ar a gcuid tráchtas
- tochailtí seandálaíochta nó anailís agus tuairisciú iarthochailte.

Na riachtanais um nósanna imeachta

Míníonn an rannán seo na seiceálacha a dhéanfaidh an Chomhairle lena dheimhniú cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil na nósanna imeachta iarratais comhlánaithe agat go cuí. Is féidir leat an rannán seo a úsáid mar sheicliosta lena dheimhniú go bhfuil na riachtanais bhunúsacha i gceart agat.

Ar cuireadh an t-iarratas isteach ar-líne?	Ní mór d'iarratas a chur isteach ar-líne, trí shuíomh gréasáin na Comhairle Oidhreachta **www.heritagecouncil.ie/grants/online-grants-system/**.
An cuireadh an t-iarratas isteach laistigh de na teorainneacha ama?	Ní mór d'iarratas comhlánaithe a bheith faighte ag an gComhairle Oidhreachta roimh 5.00 i.n. ar an 11ú Samhain 2011. Mura gcomhlánaítear d'iarratas faoi 5.00i.n. ar an 11ú Samhain 2011, diúltófar dó: ní bheidh cead agat é a chríochnú, ná eolas breise a chur isteach, tar éis na sprice sin.
An ndearna aon duine stocaireacht leis an gComhairle Oidhreachta thar ceann an Iarratasóra?	Tá ráite riamh ag an gComhairle Oidhreachta go ndéanfar dícháiliú láithreach bonn ar iarratas má dhéantar stocaireacht thar ceann iarratasóra. Sna blianta roimhe seo diúltaíodh do líon fíor bheag ar an gcúis seo. Ní chuireann an riail canbhasála cosc ar Theachtaí Dála nó ar chomhairleoirí contae ó bheith ag leithdháileadh foirmeacha iarratais ar dhaoine sna toghcheantair.
Ar comhlánaíodh an t-iarratas ina iomláine?	Ní ghlacfaidh an córas ar-líne le hiarratas mura bhfuil sé comhlánaithe. Ní ghlacfar le réimsí comhlánaithe ag téarmaí mar "féach nóta faoi iamh". Seo a leanas príomhrannáin na foirme: • Iarratasóir • Tionscadal • Buiséad • Acmhainn • Cumarsáid • Uaslódálacha • Dearbhuithe. Soláthraítear treoir maidir le comhlánú na foirme in Aguisín 1.
Ar soláthraíodh doiciméid riachtanacha, forlíontacha nó tacaíochta?	Éilítear ag ceisteanna áirithe ar an bhfoirm iarratais go soláthrófá fianaise doiciméideachta: Tá fianaise dá leithéid de dhíth más gá ceadanna, ceadúnais nó toiliú eile dod iarratas: • gníomhaíochtaí gur gá cead pleanála dóibh, nó dearbhú ón údarás áitiúil ag ceadú oibreacha ar struchtúr cosanta: ní mór duit cóip den deonú ceada a thabhairt dúinn • rochtain ar mhaoin phríobháideach, ar bhailiúcháin mhúsaeim, chartlanna nó thailte: ní mór duit cóip de chead scríofa an úinéara a thabhairt dúinn • obair ar láithreán seandálaíochta, réada nó raiceanna: ní mór duit cóip den fhaomhadh scríofa ó rannóg Shéadchomharthaí Náisiúnta agus Maoine Stairiúla an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil nó Músaem Náisiúnta na hÉireann, mar is cuí, a thabhairt dúinn

	• sampláil nó anailís scriosach réada: ní mór duit cóip de chomhaontú scríofa na hinstitiúide nó an duine indibhidiúil ábhartha a thabhairt dúinn • obair ar fhor-thrá gur gá ceadúnas chuige ó Aonad For-Thrá an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil: ní mór duit cóip den cheadúnas a thabhairt dúinn • obair ar thailte sainithe (Limistéir Chaomhantais Speisialta, Limistéir faoi Chosaint Speisialta agus Limistéir Oidhreachta Nádúrtha): ní mór duit litir toilithe ón tSeirbhís Náisiúnta Páirceanna agus Fiadhúlra a thabhairt dúinn • obair le plandaí agus ainmhithe a éilíonn ceadúnas faoi Acht Fiadhúlra, 1976: ní mór duit cóip den cheadúnas a thabhairt dúinn • rannpháirtíocht nó cúnamh ó aon eagraíocht nó duine: ní mór duit cóipeanna de litreacha tacaíochta a thabhairt dúinn. Níl an liosta seo críochnaitheach: más gá faomhadh, ceada, ceadúnais nó comhthoiliú eile do do thionscadal, tá an fhreagracht ortsa iad a aithint agus a fháil. Do chineálacha áirithe tionscadal, ní mór duit doiciméid a uaslódáil: • suirbhé: má tá an ceantar ina mbeidh suirbhé á dhéanamh níos lú ná contae, ní mór duit comhordanáidí greille Éireannacha nó mapa den cheantar a thabhairt dúinn • táirgeadh leabhair: ní mór duit dréacht a sholáthar den téacs iomlán chomh maith le sampla de na léiriúcháin agus na pictiúir atá beartaithe (coinnigh méid na gcomhad beag) • bealach áineasa, láithreán gréasáin, ábhar clóbhuailte, comharthaíocht nó cláir fógraí a fhorbairt, comhdháil, seimineár nó cláir traenála: aon cheannteideal buiséid ina gcuimsítear níos mó ná 10% de chaiteachas iomlán an tionscadail: ní mór duit meastacháin, luachana nó fianaise eile a sholáthar • deimhniú i scríbhinn go bhfuil comhpháirtithe criticiúla do rath do thionscadail sásta a bheith rannpháirteach ann • tá grianghraif a teastáil do gach aon tionscadal bainistíochta fiadhúlra Is féidir go gcaithfeá doiciméid bhreise a sholáthar (m.sh. mapaí nó fótagraif) d'fhonn do mholadh a mhíniú go hiomlán nó chun tacaíocht a thabhairt do do mhodheolaíocht nó do do mhodhanna oibre. Is féidir go gcuimseofá eolas tacaíochta, ar cheart dó a bheith cuimsitheach ach gairid. Ba cheart aon eolas breise nó tacaíochta dá leithéid a sholáthar le do iarratas, mar ní féidir leis an gComhairle eolas breise a iarraidh ar iarratasóirí tar éis an spriocdháta (ach amháin do tionscadail tuíodóireachta). Ba chóir duit comhaid PDF a dhéanamh de do mhapaí, fótagraif nó doiciméid agus iad a cheangail de d'iarratas: tá treoir in Aguisín 6.
An bhfuil an t-eolas san iarratas cruinn?	Glacaimid le d'iarratas agus déanaimid ár gcinntí le hintinn mhaith bunaithe ar an eolas a thugann tú dúinn. Mar sin, d'fhéadfadh aon ráitis mhíthreoracha a chuimsítear i d'iarratas (cibé acu d'aon ghnó nó de thimpist), nó aon eolas a choimeádtar siar go feasach, iarratas d'eagraíochta a dhéanamh neamhbhailí. Sa chás sin, stopfaidh an Chomhairle an measúnú agus diúltóidh don iarratas.

Na critéir bhunúsacha

Tá ceithre chritéar bhunúsach nach mór do do thionscadal a shásamh. Ar a shon sin, ní critéir shimplí TÁ nó NÍL iad seo, mar shampla, d'fhéadfadh dhá
thionscadal soláthar a dhéanamh do chumarsáid agus rannpháirtíocht ag an bpobal, ach d'fhéadfadh moladh níos fearr a bheith ag tionscadal amháin díobh chuige sin. D'fhéadfadh go gcáileodh an dá thionscadal ar an gcritéar sin, ach is féidir gur fearr a éireodh le ceann seachas a chéile.

Oiriúnú scéime

Ar an gcéad dul síos, caithfidh d'iarratas a thaispeáint go bhfuil do chuspóirí in oiriúint don scéim atá roghnaithe agat:

- **Taighde Oidhreachta**: le cúnamh a sholáthar do bhailiú sonraí agus do thaighde a bhaineann le hoidhreacht na hÉireann
- **Bainistíocht Oidhreachta** a thacaíonn le tionscadail a chuireann dea-chleachtas oidhreachta i bhfeidhm ar bhainistíocht áiteanna, bailiúchán nó réada (foirgnimh san áireamh) Do thionscadail mholta tuíodóireachta, cuirfimid cigirí ar thuras ar na foirgnimh atá i gceist
- **Oideachas Oidhreachta**, Pobal agus For-rochtain: tacú le tionscnaimh a nascann oidhreacht le pobail trí oideachas agus trí fhor-rochtain, rannpháirtíocht ghníomhach san oidhreacht agus léirthuiscint an phobail ar an oidhreacht a chur chun cinn.

Dea-chleachtas

Sa dara dul síos, ni mór do d'iarratas a léiriú go n-úsáidfidh tú dea-chleachtas oidhreachta; féach Aguisín 4 do threoir áirithe. Tá dhá cheist ar an bhfoirm atá ábhartha go maith don chritéar seo (cé go moltar duit gach deis a thapú chun tacú le d'áiteamh):

- Cad iad na hábhair, na modhanna nó na modheolaíochtaí a bheidh á n-úsáid agat?
- Cén fáth gur roghnaigh tú na hábhair, na modhanna nó na modheolaíochtaí seo?

Ba chóir go léireodh do fhreagraí

- go bhfuil modheolaíocht, nó tacar de mhodhanna oibre, atá soiléir láidir agat
- go bhfuil do mhachnamh déanta agat ar na hábhair (más ann dóibh) a bheadh oiriúnach
- go bhfuil tú ar an eolas faoi, agus gur mian leat an dea-chleachtas ábhartha oidhreachta a chur i bhfeidhm.

Mura bhfuil topaic na n-ábhar ábhartha do do thionscadal, ní gá duit scríobh faoi.

Mura bhfuil an saineolas cuí maidir le dea-chleachtas oidhreachta agat laistigh de do fhoireann, is féidir go mbeadh ort dul i mbun oiliúna nó comhairle ghairmiúil nó cúnamh seachtrach a fháil. Ba cheart é sin a chuimsiú i do bhuiséad. I **Rannán 4 Acmhainn** ar an bhfoirm iarratais, ba chóir duit na daoine a sholáthróidh comhairle ábhartha a liostáil. Tá foinsí eolais sonraithe in Aguisíní 2, 3 agus 4 den doiciméad seo.
Ní laige é comhairle nó cuidiú s(h)eachtrach a iarraidh: mar leathann sé eolas ar dhea-chleachtas, cuireann feabhas ar thionchar buan an tionscadail (féach thíos) agus dá bhrí sin is eilimint inmholta de thionscadal é.

Cumarsáid agus rannpháirtíocht leis an bpobal

Ar an tríú dul síos, caithfidh d'iarratas a léiriú go gcuimseoidh do thionscadal gníomhaíochtaí a shíneann lasmuigh de bhaill foirne an tionscadail. Baineann seo le gach ceann den trí scéim, agus ní leis an scéim um Oideachas Oidhreachta, Pobal agus For-rochtain amháin.

Tá ceisteanna i Rannán 5 den bhfoirm iarratais a bhaineann le do phleananna maidir le torthaí do thionscadal a chur in iúl don phobal. Tá roinnt mhaith lucht féachana ionchasacha ann agus is iomaí slí inar féidir leat cumarsáid a dhéanamh leo, ó pháipéir fhoirmeálta dírithe ar an bpobal eolaíochta go taispeántais nó cainteanna sa leabharlann áitiúil, ó úsáid na meáin áitiúla go foirgneamh oidhreachta a oscailt don phobal. Tá rannpháirtíocht i Seachtain na hOidhreachta éigeantach ach ní dócha gur leor ann féin é. Tá nótaí breise ar 'cumarsáid agus rannpháirtíocht an phobail' do thionscadail ina bhfuil oibreacha ar fhoirgnimh ar fáil ar an gcóras ar-líne agus ar leathanach deontas ár suíomh gréasáin.

Toisc fonn a bheith ar an gComhairle rannpháirtíocht ghníomhach a chur chun cinn agus léirthuiscint an phobail ar an oidhreacht a mhéadú, chabhróidh straitéis mhaith cumarsáide agus rannpháirtíochta leis an bpobal le d'iarratas don tionscadal.

Tionchar buan

Ar an gceathrú dul síos, d'fhonn leasa buana a sholáthar, caithfidh do thionscadal gníomhaíochtaí a chuimsiú lena dheimhniú go mairfidh na torthaí ar feadh cúig bliana ar a laghad tar éis don tionscadal críochnú. Beidh éagsúlacht ag baint leis na gníomhaíochtaí seo ag brath ar nádúr na dtionscadal. Mar shampla:

- inmharthanacht músaem nó institiúid eile a léiriú
- soláthar chun daoine a chur ar an eolas maidir le sonraí nó torthaí agus iad a stóráil go sábháilte chomh maith le rochtain a bheith orthu
- scileanna nua a léiriú do phobal
- a thaispeáint conas a thabharfar aire do bhailiúchán sa bhfadtéarma
- a dheimhniú go ndéanfar áitiú ar fhoirgneamh caomhanta nó go n-úsáidfear ar bhealach eile é
- dáileadh leabhair ar shiopaí ar fud na tíre
- a thaispeáint conas is féidir cistiú a dhéanamh ar scéim phíolótach tar éis na chéad bhliana
- cóipeanna de thuarascálacha caomhnaithe nó suirbhéanna bithéagsúlachta a chur go heagraíochtaí gur féidir go bhféadaidís cur leo sa todhchaí
- córas bainistíochta a bhunú do reilig nó do cheantar fiadhúlra, ag áireamh grúpa stiúrtha chun an tionscadal a mhaoirsiú do na cúig bliana atá le teacht.

Is soiléir gur fearr an toradh ar dheontas na Comhairle dá mhéid agus dá fhaid a mhaireann tionchar tionscadail. Ceann de na ceisteanna **i Rannán 2 Tionscadal** ar an bhfoirm iarratais is ea:

- ***Conas a chothófar toradh an tionscadail sna na cúig bliana atá le teacht?***

Tugann an cheist sin aghaidh go díreach ar an saincheist seo, ach ba chóir duit deiseanna eile a thapú chun tionchair ionchasacha do thionscadal a léiriú.

Céim an roghnaithe

De dheasca srianta ar a buiséid, agus líon mór na n-iarratasóirí, ní féidir leis an gComhairle Oidhreachta gach iarratas a shásaíonn na critéir bhunúsacha a mhaoiniú. Tá an próiseas iarratais dá bhrí sin an-iomaíoch agus b0fhéidir go mbeadh ar an gComhairle iniúchadh a dhéanamh ar ghnéithe eile de d'iarratas:

- Ábhar do thionscadail
- a leas oidhreachta
- nuálaíocht
- Acmhainn léirithe an Iarratasóra
- an t-iarratas féin.

Ábhar do thionscadail

Sonraíonn an cur síos ar na trí scéim ar leathanach 5 roinnt tosaíochtaí:

Taighde Oidhreachta: tionscadail i réimsí nár clúdaíodh i scéimeanna deontais um thaighde na Comhairle Oidhreachta níos túisce, leithéidí caomhantais ar réada nó ar ábhair thógála nó ar luach eacnamaíochta tionscadal oidhreachta

Bainistíocht Oidhreachta: tionscadail a spreagann rannpháirtíocht ag saorálaithe.

Oideachas Oidhreachta, Pobail agus For-rochtain: tionscadail a dhéanann rochtain ar luch féachana nua; tionscadail a bhaineann feidhm as foirmeacha nua agus nuálacha teicneolaíochta le heolasú a dhéanamh faoin oidhreacht; tionscadail a chruthaíonn naisc idir institiúidí, ENRanna agus daoine aonair le seachadadh a dhéanamh ar bhealai cruthaitheacha cumarsáide ar luach na hoidhreachta.

Toisc gur mian leis an gComhairle "cur chuige níos comhtháite maidir le hoidhreacht a chur chun cinn trí dhaoine a spreagadh chun naisc a dhéanamh, ina dtionscadail, leis an oidhreacht thógtha, cultúrtha agus nádúrtha", is féidir go dtabharfadh sí tús áite do thionscadail a bhaineann le níos mó ná cineál amháin oidhreachta nó a ghlacann le cur chuige ildisciplíneach.

Ar deireadh, is féidir go dtabharfadh an Chomhairle tús áite do thionscadail a chuideoidh le ceapadh beartais i gceann nó níos mó de na réimsí seo a leanas:

- caomhnú tírdhreacha
- oiriúnú d'athrú aeráide
- Caomhnú an chultúir ábhartha.

Leas oidhreachta

Tá ceist nua trí pháirt curtha ann againn le ceadú duit leas oidhreachta do thionscadail a léiriú: Cén leas oidhreachta atá ag do thionscadal? Cén tábhacht atá leis? Cad uime gur cheart don Chomhairle tacaíocht a thabhairt dó? Is fearr atá cur amach agatsa ná ag aon duine eile ar do thionscadal, agus mar sin, sonraigh an cás dá leas oidhreachta.

Nuálaíocht

Is mian leis an gComhairle smaointe agus cur chuige nuálaíochta a spreagadh; is féidir go dtabharfaí tús áite mar sin do thionscadail:

- a ghlacann cur chuige nua maidir le haghaidh a thabhairt ar ghnáthchineálacha tionscadail (mar shuirbhéanna reiligí) nó ar fhadhbanna atá ann le fada
- aird a tharraingt ar réimsí oidhreachta nach ndéantar tagairt dóibh go minic
- comhghuaillíochtaí de chomhpháirtithe neamhghnáthacha tionscadail a chruthú.

Acmhainn léirithe an iarratasóra

- Is mian leis an gComhairle tacaíocht a thabhairt "do thionscadail eolasacha agus cuí struchtúrtha a dhéanann leas na hoidhreachta". Nó mór do d'iarratas a léiriú go bhfuil do thionscadal "eolasach agus cuí struchtúrtha": is é sin le rá:
- go bhfuil tuiscint agat ar an réimse oidhreachta a bhaineann le do thionscadal
- go bhfuil foireann curtha le chéile (nó gairmiúlaigh fostaithe) agat leis an eolas, scileanna agus taithí atá riachtanach
- go ndearna tú méid na hoibre riachtanach a mheasúnú agus plean réalaíoch a chur le chéile le haghaidh a thabhairt uirthi
- go bhfuil an réamhobair déanta agat, ag áireamh na hoibre is gá chun iarratas maith a chomhlánú
- go bhfuil buiséad réalaíoch dréachtaithe agat
- gur féidir leat taifead rathúlachta maidir le tionscadail a bhainistiú laistigh de shrianta ama, costais agus cáilíochta a léiriú
- go bhfuil tú ar an eolas maidir le rudaí a fhéadfadh dul i do choinne agus go bhfuil tú dulta i mbun gnímh chun iad a laghdú, m.sh. trí cheadanna cuí a fháil
- go bhfuil do thionscadal in oiriúint do mhianta na Comhairle (na bunchritéir).

Do mhúsaeim agus do ghailearaithe, neartóidh rannpháirtíocht i gClár Caighdeán na Músaem d'Éirinn www.museumsireland.ie íomhá acmhainne an Iarratasóra.

An t-iarratas féin

Má tá muinín agat as do thionscadal, teastóidh uait d'iarratas a bheith ionchurtha leis. Ciallaíonn sin do theachtaireacht a chur in iúl chomh héifeachtach agus is féidir é, rud a chiallaíonn ina thuras gur cheart do d'iarratas (an fhoirm agus aon doiciméid tacaíochta) a bheith:

- soiléir ina chur síos, sa chás atá á dhéanamh agat agus maidir leis an slí go bhfuil d'ábhar eagraithe agat
- cuimsitheach, ag clúdach gach pointe a iarrtar ort a chlúdach agus iad sin go léir atá uait chun do chás a chur i láthair go cuí
- gonta, seachain caint san aer
- comhleanúnach, gan aon bhréagnú inmheánach, gan aon neamhchríochnúlacht ná lúb ar lár
- comhsheasmhach, an dearcadh céanna á léiriú síos tríd (is féidir go mbeadh fadhbanna nuair a dhéanann daoine éagsúla rannáin éagsúla de dhoiciméad a scríobh)
- diongbháilte, ag léiriú do mheasúnóirí na Comhairle conas mar a chuirfidh do thionscadal a dtosaíochtaí chun cinn agus dá réir an chúis gur cheart dóibh a mholadh go dtabharfaí deontas duit.

Cuimhnigh go mbeidh roinnt daoine rannpháirteach i ndéanamh an chinnidh. Ná glac leis go mbeidh eolas acu uile ort nó ar d'obair; téigh i mbun gach iarratas amhail is a dhéanfá le do chéad iarrtas.

Cuirfidh an Chomhairle Oidhreachta ar an eolas tú maidir le toradh d'iarratais trí ríomhphost nó trí litir i lár Mí Feabhra 2012.
Tá faomhadh na n-iarratas faoi réir **Choinníollacha tairisceana** na Comhairle. Ba chóir duit na Coinníollacha (tugtha thíos) a léamh agus deimhin a dhéanamh de go mbeidh ar do chumas géilleadh dóibh. Tig leis an gComhairle chomh maith coinníollacha a athróidh ó bhliain bliain chomh maith le sainchoinníollacha maidir le tionscadail indibhidiúla nó cineálacha tionscadal a leagan síos.

Coinníollacha ginearálta tairiscinte

1. Mura ngéilleann tú do na coinníollacha seo, déanfaidh an Chomhairle a deontas a tharraingt siar; ní mór duit aon airgead atá faighte agat faoin deontas sin a aisíoc.

2. Déanfar cinneadh na Comhairle maidir le deontas a thairiscint duit le hintinn mhaith, bunaithe ar an eolas a sholáthair tú. Má bhí aon chuid den eolas sin míthreorach, cibé acu d'aon ghnó nó de thimpist, coimeádann an Chomhairle de cheart aici féin a deontas a tharraingt siar; ní mór duit aon airgead a fuair tú faoin deontas sin a aisíoc.

3. Ó bhronntar an deontas, ní féidir méideanna an deontais a mhéadú.

4. Is tairiscint ar dheontas do do thionscadal á ghlacadh agat, ní mór duit deimhin a dhéanamh de:
   - má chuimsíonn do thionscadal leanaí, go ngéilleann tú do na treoracha um chosaint leanaí atá ar fáil ag **www.heritagecouncil.ie/education**
   - go gcomhlíonfar do ghníomhaíochtaí de réir an dlí
   - go bhfuil gach faomhadh, cead, ceadúnas nó comhthoiliú is gá faighte agat
   - go gcomhlíonfar do chuid oibre ar fad de réir na bprionsabal dea-chleachtais oidhreachta
   - go gcuireann tú dréachtaí iomlána d'aschur téacsa an tionscadail go dtí an Chomhairle le faomhadh roimh fhoilseachán
   - go mbíonn lógó na Comhairle Oidhreachta ar d'fhoilseacháin, do thuarascálacha agus ar aschuir eile agus a shonrú go bhfuair do thionscadal maoiniú ón gComhairle Oidhreachta faoin Scéim chuí Deontais in 2012
   - ceadóidh tú don Chomhairle Oidhreachta tuarascálacha agus fótagraif an tionscadail a úsáid chun críche oideachais nó do chur chun cinn (le creidiúintí cuí d'údair agus do ghrianghrafadóirí)
   - nach ndéanfaidh deontas na Comhairle maoiniú ach ar chaiteachas ar an obair a aontaíodh
   - go ndéanfar ranníocaíochtaí ó fhoinsí seachas foinsí na Comhairle a dheimhniú agus a chaitheamh mar a ndéantar soláthar dó i mbuiséad an tionscadail.

5. D'fhonn go mbainfeadh an pobal trí chéile leas as, beifear ag súil leis go mbeidh aon tionscadal go dtairgítear deontas ón gComhairle dó rannpháirteach sa t**Seachtain Oidhreachta a bheidh ann idir an 18ú agus an 30ú Lúnasa.** Is féidir go mbeadh an rannpháirtíocht i bhfoirm turais a éascú don phobal go dtí an tionscadal páirtchríochnaithe nó alt i nuachtán áitiúil faoin ábhar. Is féidir sonraí maidir leis an tSeachtain Oidhreachta a fháil ó www.heritageweek.ie . **Tá fonn ar an gComhairle Oidhreachta i gcónaí** spreagadh a dhéanamh ar eagrú imeachtaí **a chuireann foghlaim ghníomhach chun cinn** trína bheith **idirghníomhach** agus **spriocdhírithe** e.g. ag cuardach d'fhiadhúlra, díothú speiceas ionraitheach, tochailt seandálaíochta, ag tástáil seanbhealaí cócaireachta/fíodóireachta nó ag foghlaim scile traidisiúnta. Fút féin atá d'imeacht a dhéanamh id-irghníomhach.

6.I gcomaoin íoc an deontais ag an gComhairle, cúnantóidh an Deontaí leis agus gabhfaidh le hais don Chomhairle slánú a dhéanamh agus an lánslánú a choimeád ar an gComhairle ar aon éilimh, caingne, imeachtaí, breithiúnais, fo aitheanta, orduithe, treoracha, dliteanais, damáistí, caillteanais (ag áireamh ach gan a bheith teoranta do chaillteanais theagmhasacha agus caillteanas brabúis, teacht isteach agus/nó cáilmheas) costais agus speansais (in éineacht le suim ar bith maidir le cáin bhreis luacha a éireodh dá bharr) a bhain nó a tharla mar thoradh díreach nó indíreach de dheasca ráiteas maidir leis an tionscadal a fhoilsiú (ag áireamh, gan teorainn, ráitis in aon leabhair, foilseacháin, tuarascálacha n´ aschuir eile maoinithe ag deontas a d'eisigh an Chomhairle) a líomhaintear a bheith leabhlach nó clúmhillteach (ag áireamh gan teorainn, aon táillí gairmiúla, muirir nó speansais (in éineacht le cáin bhreis luacha ar a bhfuil réamhluaite) a d'eascair as imfhiosrú, fáil chomhairle maidir le nó ag comhraic nó ag achomharc ar fhíneálacha, pionóis, dámhachtana, éilimh, caingin, imeachtaí, breithiúnais, foraitheanta, orduithe, treoracha, dliteanais, damáistí, caillteanais, costais nó speansais).

7. Agus, toisc nach féidir leis an gComhairle tionscadail a mhaoiniú go siarghabhálach, caithfidh an obair atá le maoiniú ag an gComhairle tosú tar éis glactha le tairiscint na Comhairle i Mí Feabhra 2012. Agus, toisc nach dtig leis an gComhairle airgead

8. Dá réir sin, ní mór duit do chuid taifead uile, do ráitis bhainc agus na bunsonraisc san áireamh, do gach aon deontas ar leith a choinneáil go ceann trí bliana ón gcéad íocaíocht a thugtar duit faoin deontas sin. Ní mór duit iad a chur ar fáil d'iniúchadh, ar éileamh, ón gComhairle Oidhreachta nó a hainmní.

9. Mura mbaineann an Chomhairle an cúram díot trí choinníoll ar leith a chur le do thionscadal, ní mór duit tuarascáil ar dhul chun cinn a thabhairt don Chomhairle faoin 15 Iúil 2012. Eiseoidh an Chomhairle meabhrúchán ag díriú aird ar aon topaic ar leith is gá a chlúdach sa tuarascáil. Is féidir leat iarratas a dhéanamh ar íocaíocht eatramhach de do dheontas ag an am sin: nó mór cóipeanna de shonraisc nó admhála ar do chaiteachas a bheith in éineacht le d'iarratas. Má tá an íocaíocht eatramhach os cionn €10 000, ní mór duit cóip reatha de Dheimhniú Imréitigh Cánach a sholáthar ach amháin má tá uimhir CHY (carthanacht) eisithe ag na Coimisinéirí Ioncaim duit nó mura bhfuil d'eagraíocht ina comhlacht poiblí mar atá sainithe in Imlitir 44/2066 ón Roinn Airgeadais. Baineann an riachtanas seo le hiarratasóirí ó lasmuigh agus laistigh den stáit araon. Féach **www.revenue.ie** do shonraí faoi Dheimhnithe Imréitigh Cánach: cuardaigh an suíomh do "deimhniú imréitigh cánach".

10. Ní mór duit tuarascáil dheiridh a thabhairt don Chomhairle faoin 30 Samhain 2012, faoi réir ag na sonraí a sholáthróidh an Chomhairle roimhe sin.. Má tá an deontas ar €10 000 nó níos mó, ní mór duit chomh maith cóip reatha de Dheimhniú Imréitigh Cánach a sholáthar ach amháin má tá uimhir CHY (carthanacht) eisithe ag na Coimisinéirí Ioncaim duit nó mura bhfuil d'eagraíocht ina comhlacht poiblí mar atá sainithe in Imlitir 44/2066 ón Roinn Airgeadais. Baineann an riachtanas seo le hiarratasóirí ó lasmuigh agus laistigh den stáit araon.

    Beifear ag súil leis chomh maith go soláthróidh tú don Chomhairle cóip de na tuarascálacha uile nó d'aschuir eile faisnéise ón tionscadal.

11. Gheobhaidh tú iarmhéid do dheontais tar éis don Chomhairle d'obair thionscadail a mheas agus í féin a shásamh go bhfuil sí sásúil. Déanfar an cinneadh sin bunaithe ar do mhiontuarascáil dheiridh agus ar aon iniúchadh ar an obair a dhéanfaidh an Chomhairle tráth ar bith le linn saolré an tionscadail.

12. Do dheontaithe a tháirgeann ráitis airgeadais, ní mór sonraí ar do dheontas a thaifeadadh – ainm na gníomhaireachta a dhéanann an deonadh i. an Chomhairle Oidhreachta, teideal chlár na ndeontas ábhartha, méid agus ré an deontais iomlán. Is éileamh nua ón Roinn Airgeadais é seo – Ciorclán Uimh. 17/2010.

Aguisín 1: An fhoirm iarratais

1 Iarratasóir	Iarrann an chuid seo eolas bunúsach teagmhála. D'iarratasóirí gur eagraíochtaí iad, iarrtar sonraí áirithe breise Tig le gairmiúlach nó le comhairleoir eile iarratas a chomhlánú thar ceann chliaint, ach meastar gurb é an cliant an tIarratasóir.. Déanfar an chumarsáid uile leis an Iarratasóir, agus ní mór don chomhairleoir na sonraí logála isteach ar chóras ar-líne deontais na Comhairle a sholáthar don Iarratasóir.		
Teideal do thionscadail			Coinnigh an teideal gairid le do thoil: faoi bhun 100 carachtar
Cé acu scéim faoina bhfuil tú ag déanamh iarratais? ?	Taighde Oidhreachta Bainistíocht Oidhreachta Oideachas Oidhreachta, Pobail agus For-rochtana	◉ ◉ ◉	Bí cinnte go roghnaíonn tú an scéim cheart • Taighde Oidhreachta (bailiú sonraí agus taighde) • Bainistiú oidhreachta (bainistiú áiteanna, bailiúcháin nó réada) • Oideachas oidhreachta, pobail agus for-rochtana (rannpháirtíocht agus feasacht ar an oidhreacht a chur chun cinn)
An bhfuil an tIarratasóir ina ...	... eagraíocht? ... dhuine aonair?	◉ ○	Más eagraíocht an t-iarratasóir, iarrfaimid eolas áirithe breise thíos
Céadainm an Iarratasóra Sloinne an Iarratasóra			Más duine aonair é an t-iarratasóir, scríobh d'ainm anseo
Ainm na hEagraíochta Céadainm an Teagmhálaí Sloinne an Teagmhálaí Seoladh Poist			Más eagraíocht é an t-iarratasóir, tá ainm agus sonraí teagmhála aon duine amháin, lenar féidir linn plé le linn an tionscadail ag teastáil uainn.
Uimhir theileafóin lae Uimhir theileafóin phóca			
Seoladh r-phoist an Iarratasóra			Déanfaimid teagmháil leat ar r-phost. Geallaimid duit nach gcuirfimid aon ní chugat ach nithe a bhaineann le hobair na Comhairle Oidhreachta.
Seoladh r-phoist an Bhainisteora Tionscadail			Má tá maor agat don tionscadal tabhair a seoladh teagmhála r-phoist anseo. Tá seo thar a bheith ábhartha do thionscadail a bhaineann le deisiúcháin ar fhoirgnimh (e.g. ailtire caomhantais)
Cén cineál eagraíochta atá agat?	Údarás Áitiúil Músaem Ionad oidhreachta Cumann forbartha áitiúil Grúpa saorálach Cuideachta ENR Comhshaoil Institiúid Ghairmiúil Bunscoil Iar-bhunscoil Tríú leibhéal / ollscoil Gníomhaireacht Stáit Preas/Meáin Eile		Ón liosta, roghnaigh an cur síos is fearr a thagann le d'eagraíocht D'eagraíochtaí amháin an tsraith seo agus an dá cheann ina diaidh. Tá an tsraith seo éigeantach d'eagraíochtaí. Ní hamhlaidh don dá cheann ina diaidh.

An comhlacht san earnáil phoiblí í d'eagraíocht gur gá di Deimhnithe Imréitigh Cánach a lorg agus íocaíochtaí ar dheontais nó ar fhordheontais, nó faoi chonradh, ar iomlán de €10,000 nó níos mó i dtréimhse 12-mhí?	Ie ea/Ní hea		Más gá do d'eagraíocht Deimnithe Imréitigh Cánach a lorg, ní bheidh uirthi ceann a sholáthar don Chomhairle le híocaíocht deontais a fháil.
Más cuid d'eagraíocht níos mó í d'eagraíocht, tabhair ainm an mháthairchomhlachta, le do thoil, agus abair cé an gaol atá eadraibh	Máthair-chomhlacht		Is féidir gur brainse, roinn nó fochuideachta de chomhlacht níos mó d'eagraíocht
Má tá uimhir CHAR tugtha do d'eagraíocht ag na Coimisinéirí Ioncaim, inis dúinn cén uimhir í	Uimhir CHAR		Ní riachtanas é uimhir (Char) **le** deontas a fháil ón gComhairle, ach má tá ceann agat ní bheidh ort Deimhniú Imréitigh Cánach a chur isteach
Má tá tú cláraithe do CBL, agus má tá do thionscadal laistigh de do ghnó incháinithe, tabhair d'uimhir CBL anseo, le do thoil	Uimhir CBL		Má tá tú cláraithe do CBL, agus go bhfuil do thionscadal laistigh de scóip do ghnó incháinithe, éileoidh tú aisíoc CBL ar do chuid ionchuir trí phróiseas tuarascála CBL. Dá réir sin, ní éileoidh tú ar an gComhairle ach ar luach glan na n-ionchur.

[] Toilím [] Ní thoilím do mo shonraí (sonraí m'eagraíochta) a chur le bunachar sonraí na Comhairle Oidhreachta	**Bunachar sonraí agus cosaint sonraí** Tá sé i gceist ag an gComhairle Oidhreachta bunachar sonraí ríomhaireachta a thógáil de dhaoine agus eagraíochtaí a chuireann spéis i gcúrsaí oidhreachta. Bainfear úsáid as an mbunachar sonraí seo le cumarsáid a dhéanamh lena leithéidí de dhaoine mar gheall ar an gComhairle, a cuid gníomhaíochtaí agus na nithe is spéis léi; ní chuirfear eolas ón mbunachar sonraí ar fáil d'aon duine eile ach de réir dlí. Ba mhór linn é toiliú a fháil uait le do chuid sonraí a chur leis an mbunachar sonraí seo.. Ar a shon sin, níl aon bhac ort toiliú a dhiúltú.

2 Tionscadal	Baineann an chuid seo le do thionscadal: cad is mian leat a dhéanamh agus conas atá beartaithe agat é a dhéanamh	
Cur síos		Déan cur síos ar do thionscadal, gan dul thar 50 focal, le do thoil. Baintear úsáid as an ngearr chur síos seo le linn an phróiseas measúnaithe agus i bpoiblíocht faoin tionscadal, agus dá bhrí sin, bí cinnte go bfhuil sé soiléir agus cruinn
Cén leas oidhreachta atá ag do thionscadal? Cén tábhacht atá leis? Cad uime gur cheart don Chomhairle tacaíocht a thabhairt dó?		
Cad is ainm don cheantar ina ndéanfar obair an tionscadail?		
Cén Údarás Áitiúil atá sa cheantar ina bhfuil do thionscadal?		Ón liosta anuas, roghnaigh an ceantar nó na ceantair ina dtarlaíonn do thionscadal
Tagairt Eangaí na hÉireann, más féidir		Más lú ná contae an ceantar ina ndéanfar obair do thionscadail, ba chabhair dár measúnóirí é dá bhféadfá léarscáil ag taispeáint an tsuímh a sholáthar
Má tá obair suirbhéireachta á déanamh agat, cén achar a chlúdófar (km nó ha)?		
Cé leis aon talamh, foirgneamh mó réada ar a mbeidh tú ag obair?		Ná freagair an cheist seo ach má tá sí ábhartha; cuir isteach "N/Á" mura bhfuil.
Cad iad aidhmeanna do thionscadail?		Cad atá beartaithe agat a bhaint amach? Uasmhéid 100 focal.
Conas a dhéanann do thionscadal freastal ar aidhmeanna na scéime faoina ndearna tú iarratas?		Tá aidhmeanna na dtrí scéim — Taighde Oidhreachta, Bainistíocht Oidhreachta, Oideachas Oidhreachta, Pobail agus Forrochtana — leagtha amach sa leabhrán a chuireann síos ar na scéimeanna nua.
Seachas a chuid aidhmeanna a bhaint amach, cé na sochair eile a bheidh ag do thionscadal sa bhfadtéarma, don oidhreacht agus do do phobal agus do do cheantar araon?		Ar na sochair a fhéadfaí a áireamh, mar shampla, tá feasacht phoiblí a mhéadú, líonrú le grúpaí eile, scileanna nua a mhúineadh. Uasmhéid 100 focal.

Cén réamhobair a bheidh tugtha i gcrích faoi dheireadh Feabhra 2012?		Ní dhéanfaidh an Chomhairle cistiú ar réamhobair, agus ní fhéidir léi deontais aisghabhálacha a thabhairt. Ar a shon sin, is dóichí go soláthródh réamhobair bonn maith do thionscadal rathúil. Uasmhéid 100 focal.
Tréimhse	Mórchéim	Ní mór do chuid oibre tionscadail a bheith críochnaithe faoin 30 Samhain 2010. Cad iad na mórchéimeanna laistigh de do thionscadal? Cathain is dóigh leat a dhéanfar gach ceann ar leith díobh? Íos. 1, uas. 4 chéim
	1	
	2	
	3	
	4	
Cad iad na hábhair, na modhanna nó na modheolaíochtaí a bheidh á n-úsáid agat? Cén fáth gur roghnaigh tú na hábhair, na modhanna nó na modheolaíochtaí seo?		Mura bhfuil topaic na n-ábhar ábhartha do do thionscadal, ní gá duit scríobh faoi. Tig leat tagairt do threoirlínte foilsithe nó doiciméad gairid a chur isteach más mian leat. Uasmhéid 300 focal. .
An gcuimsíonn do thionscadal obair:	Cuimsíonn Ní chuimsíonn laistigh de SAC, LCS, LON? ar struchtúr cosanta? ar shéadchomhartha taifeadta?	
	T N Ní gá iad • cead pleanála nó dearbhú d'obair ar struchtúir chosanta • cead i scríbhinn do rochtain ar shealúchas príobháideach, bailiúcháin mhúsaeim, cartlanna nó tailte • ní mór faomhadh scríofa ó rannóg Séadchomharthaí Náisiúnta agus Maoine Stairiúla an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil nó Músaem Náisiúnta na hÉireann, mar is cuí, d'obair ar láithreáin seandálaíochta, réada nó raice • comhaontú scríofa na hinstitiúide nó an duine indibhidiúil do shampláil nó d'anailís scriosach ar réada • obair ar fhor-thrá gur gá ceadúnas chuige ó Aonad For-Thrá an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil • litir ón tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra ag toiliú go ndéanfaí obair ar thailte sainithe (Limistéir Chaomhantais Speisialta, Limistéir faoi Chosaint Speisialta agus Limistéir Oidhreachta Nádúrtha) • ceadúnas faoin Acht um Fhiadhúlra, 1976 d'obair áirithe le flóra agus fána • litreacha tacaíochta ó aon eagraíochtaí nó daoine aonair go bhfuil a gcuid rannpháirtíochta nó a gcúnamh riachtanach chun go n-éireodh leis an tionscadal • faomhtha, ceadanna, ceadúnais nó toilithe eile	Má tá curtha isteach agat ar aon cheann de na faomhtha, ceadanna, ceadúnais, nó toilithe seo ach nach bhfuil sin fós faighte agat, roghnaigh **N** (Níl) agus úsáid réimse **Tagairtí** thíos leis na toscaí a mhíniú.

Faisnéis Bhreise		Ceadaíonn an spás seo duit dhá rud a dhéanamh. Sa chéad áit, má tá curtha isteach agat ar aon cheann de na faomhtha, ceadanna, ceadúnais nó toilithe atá liostaithe, ach nach bhfuil sé fós faighte, tig leat na toscaí a mhíniú anseo. Sa dara háit, má tá aon fhaomhtha, ceadanna, ceadúnais nó toilithe breise uait, seachas a bhfuil liostaithe thuas, tig leat sonraí a thabhairt anseo.
Conas a chothófar toradh an tionscadail sna na cúig bliana atá le teacht?		Léirigh conas mar a leanfaidh sochair an tionscadail. Uas.. (***100 focal***)
3 Buiséad	Sa rannán seo iarrtar ort costas an tionscadail a thaispeáint, cad é atá beartaithe agat féin a thabhairt dó (in airgead agus is saothar) agus conas atá i gceist agat maoiniú a dhéanamh ar an gcuid eile den chostas. Soláthraíonn an rannán sa leabhrán ar Chistíocht(leathanach 6) treoir.	
Costas an Tionscadail Ní iarrtar ort gach mír ar leith a liostáil, ach ní mór duit sonraí a sholáthar ar an saothar uile, ag áireamh na rátaí in aghaidh an lae atá le híoc; tabhair faoi deara go mbeidh deontais na Comhairle teoranta do na rátaí in aghaidh an lae a thaispeáintear. Ba chóir suit chomh maith liostáil a dhéanamh ar aon mhír gur mó ná 10% de chostas iomlán an tionscadail é. Tig leat costais bheaga a chaitheamh le chéile faoin cheannteideal "Ilnithe".		Iarrann an rannán seo faisnéis ar na míreanna mór-chostais ar do thionscadal. Is aidhm dó forbhreathnú tapaidh a thabhairt do mheasúnaithe na Comhairle ar an gcaiteachas atá beartaithe (ag brath ar chastacht agus ar shofaisticiúlacht do thionscadail) ach is féidir nach ionann é agus buiséad iomlán an tionscadail. Má tá do bhuiséad féin ullmhaithe agat moltar go láidir duit cóip a uaslódáil mar thacaíocht don fhaisnéis a iarrtar anseo.

Saothar

Cineál	**Méid lá**	**Ráta laethúil**	**Iomlán €**	Ní íocfaidh an Chomhairle níos mó ná €80 sa lá as saothar neamhoilte, €150 as saothar oilte agus €300 as saothar gairmiúil, bainistíochta, riaracháin agus tacaíochta.
Neamhoilte		€80 sa lá		
Oilte		€80 sa lá		
Gairmiúil		€300 sa lá		
Bainistíocht, riarachán agus tacaíocht		€300 sa lá		
Caiteachas eile				

Mír nó ceannteideal	Cur síos nó Mionsonraí	Bonn an mhuirir	Iomlán €	Tig leat an colún Cur Síos a úsáid le níos mó sonraí a thabhairt faoi mhír sa cholún **Ceannteideal** **Cuimsíonn bonn an mhuirir** eolas mar líon na laethanta oibre agus an ráta in aghaidh an lae, nó líon na míreanna agus costas na míreanna ar leith. Arís, ná húsáid é ach má tá sé ábhartha. Má tá tú cláraithe do CBL, agus go bhfuil do thionscadal laistigh de scóip do ghnó incháinithe, éileoidh tú aisíoc CBL ar do chuid ionchuir trí phróiseas tuarascála CBL. Dá réir sin, ní éileoidh tú ar an gComhairle ach ar luach glan na n-ionchur, agus dá bhrí sin ní léireoidh an buiséad ach na glan luachanna. .53 an mhíle an ráta míleáiste Ní mór duit cóipeanna de luachain agus de mheastacháin a uasluacháil nó fianaise eile a uaslódáil le tacú leis na figiúir ar na míreanna is mó.

Costas iomlán an tionscadail				
Cistiú an tionscadail Ceadaíonn an rannán seo duit a thaispeáint cad as a thiocfaidh do chuid cistíochta don tionscadal.				
Cineál	**Foinse**	**An Nádúr**	**Luach €**	Cé go bhféadfadh an Chomhairle suas le 75% de luach an tionscadail a íoc, chlúdaigh formhór na ndeontas le blianta beaga anuas idir 30% agus 50%. Cuimhnigh ar an méid sin agus tú ag léiriú conas a dhéanfaidh tú cistiú ar an tionscadal Ceadaíonn colún an **Nádúir** duit sainiú a dhéanamh ar ranníocaíochtaí comhchineáil (m.sh. iasacht trealaimh); d'fhéadfá meastachán a dhéanamh ar a luach trí thagairt don méid a bheadh ort a íoc ina éagmais.
Tiomsú airgid				
Urraíocht				
Deontais (seachas an Chomhairle Oidhreachta)				
Acmhainní féin				
Eile				
Cistíocht iomlán an tionscadail ó fhoinsí seachas ón gComhairle Oidhreachta)				
Deontas iarrtha				
Cé mhéad airgid atá á lorg agat ar an gComhairle Oidhreachta?				
Gnéithe eile Is gá don Chomhairle faisnéis ar shainghnéithe áirithe de do bhuiséad. Ní cás go mbeadh na nithe seo ag teacht go néata faoi na ceannteidil atá úsáidte agat, agus dá bhrí sin iarrtar ort na sonraí a thabhairt sa rannán seo — fiú má fhorluíonn siad ar fhaisnéis atá tugtha thuas agat.				
Critéar	**Míreanna**	**Costais**		Teastaíonn ón gComhairle a bheith cinnte go ndéanfaidh tú tiomantas dáiríre freastal ar chritéir bhunaidh chlár na ndeontas.
Fáil traenála, comhairle ghairmiúil nó cuidiú seachtrach ar dheachleachtas oidhreachta				
Cumarsáid agus rannpháirtíocht leis an				
Ag deimhniú go mbeidh buantionchar ag an tionscadal				
Saothar saorálach				
Cur síos	**Méid lá**	**Ráta laethúil**	**Iomlán €**	Tig le cuid de do ranníocaíocht féin a bheith mar shaothar saorálach.. Ceadaíonn an rannán seo duit luach a chur ar an saothar sin.
Saothar saorálach (neamhoilte)		€80		
Saothar saorálach (oilte)		€80		
Saothar saorálach (gairmiúil)		€300		
Saothar Saorálach (bainistíocht, riarachán agus tacaíocht)		€300		

4 Acmhainn	**Déanann an t-alt gairid seo fiosrú ar eolas agus ar thaithí an Iarratasóra ar thionscadail oidhreachta**		
Bainisteoir Tionscadail			Is é an bainisteoir tionscadail an duine a ghlacfaidh príomhfhreagracht as an tionscadal seo a chur i gcrích go sásúil. Má tá iarratas á dhéanamh agat mar dhuine aonair, is tú do bhainisteoir tionscadail féin, dá bhrí sin tabhair d'ainm agus scríobh i dtaobh do thaithí faoi "Taithí an Bhainisteora Tionscadail".
Taithí an bhainisteora tionscadail			
Taithí na heagraíochta ar thionscadail oidhreachta			Baineadh iarratasóirí eagraíochta feidhm as dhá réimse scartha, ceann do thaithí an bhainisteora tionscadail ainmnithe agus an ceann eile do thaithí na heagraíochta trí chéile.
Eolas, scileanna agus taithí ábhartha laistigh d'fhoireann an tionscadail	**Pearsa**	**Nirt**	Ceadaíonn an réimse seo duit liostáil a dhéanamh ar nirt na mball eile d'fhoireann an tionscadail. Ní gá duit ach thart ar seisear a chlúdach
Cé atá ag tabhairt comhairle maidir leis an gcleachtas is fearr do do thionscadal?			Cúram ar leith don Chomhairle é a dheimhniú go mbíonn dea-chleachtas oidhreachta i bhfeidhm do gach tionscadal. Mura bhfuil an saineolas cuí agat laistigh de do fhoireann, is féidir go mbeadh ort dul i mbun oiliúna nó comhairle ghairmiúil a fháil. Ba cheart é sin a chuimsiú i do bhuiséad
Tabhair samplaí nó achoimre gairid ar a gcuid taithí ar thograí eile.			
Más aidhm do do thionscadal leabhar a tháirgeadh, cé a bheidh freagrach as táirgeadh, foilsiú, margaíocht agus dáiliúchán náisiúnta?			
5 Cumarsáid			De bhrí go bhfuil fonn ar an gComhairle rannpháirtíocht ghníomhach le agus méadú léirthuisceana an phobail ar an oidhreacht, ba cheart duit beartú le scéala a thabhairt do dhaoine eile faoi do chuid oibre le linn an tionscadail agus na torthaí ina dhiaidh sin. Ceadaíonn an chuid seo duit imlíniú a thabhairt ar do bheartais gníomhaíochta cumarsáide. Tá trí phríomh spriocghrúpa ann: • an pobal trí chéile, go háirithe i do cheantar tíreolaíochta ach lasmuigh de chomh maith • daoine eile ag a bhfuil comhspéis leat in ábhar an tionscadail • comhlachtaí gairmiúla, eolaíochta agus cultúrtha, leabharlanna agus cartlanna, go háirithe iad sin a fhéadfadh cumasú a dhéanamh ar dhaoine eile le tógáil ar thorthaí do thionscadail amach anseo. Tá liosta de chuid de na comhlachtaí seo in Aguisín 5. Tabhair faoi deara go gcaithfidh tú cóip de thorthaí do thionscadail a thabhairt don Chomhairle Oidhreachta.
Cé air a dhíreofar do chuid cumarsáide? Cad é méid na bpobal sin?			
Cé na meáin a léann, a chloiseann nó ar a bhféachann do spriocghrúpa?			
Conas a dhéanfaidh tú cumarsáid leo sin le linn an tionscadail?			
Conas a dhéanfaidh tú cumarsáid leo agus an tionscadal críochnaithe?			
Cén teachtaireacht a bheidh á tabhairt agat do gach ceann ar leith de do phobail?			

Cad a bhainfidh do chuid cumarsáide amach? Conas a athróidh eolas, tuiscintí nó iompar do phobail dá thoradh?		
Cé na hinstitiúidí go gcuirfidh tú cóipeanna de do chuid sonraí agus de do chuid torthaí chucu?		
Cé na gníomhaíochtaí a reáchtálfaidh tú le linn na Seachtaine Oidhreachta le rannpháirtíocht an phobail a bhaint amach?		
6 Uaslódáil		
Buiséad Ní mór duit cóipeanna de luachain agus de mheastacháin a uaslódáil nó fianaise eile a uaslódáil le tacú leis na figiúir ar na míreanna is mó. B'fhéidir gur mhaith leat doiciméid eile airgeadais a uaslódáil. Mar shampla, má tá do bhuiséad tionscadail féin agat, forbartha le freastal ar do chritéir féin, d'fhéadfá cóip de sin a uaslódáil; d'fhéadfá cóipeanna de litreach ag geallúint deontas nó urraíochta a uaslódáil chomh maith. Beidh ar do chumas doiciméid dá leithéid sin a uaslódáil nuair a shroichfidh tú Táb 6 ar an gcóras deontas ar-líne.		
Uaslódálacha sain-tionscadail		Níl sé éigeantach aon cheann de na haschuir seo a bheith ag do thionscadal, ach má tá ba mhaith linn a thuilleadh eolais ar an rud atá beartaithe agat a tháirgeadh. Cuir an t-eolas ar fáil ar dhoiciméad scortha, le do thoil agus cuir isteach le d'iarratas é. Má tá sé i gceist agat breis is ceann amháin de na haschuir seo a tháirgeadh, cuir tic le hoiread boscaí agus is gá. Mura bhfuil sé i gceist agat aon cheann díobh a tháirgeadh, roghnaigh "Gan a bheith orthu sin thuas", le do thoil
An gcuimsíonn do thionscadal soláthar, táirgeadh nó dul i mbun ...	... láithreán gréasáin? R ... leabhar nó ábhar eile clóbhuailte? R ... chlár comharthaíochta nó eolais? R ... comhdháil: R ... seimineáir nó clár traenála? R ... bealach áineasa? R ... oibreacha caomhantais foirgnimh? R ... deisiú dín (tuí san áireamh)? R ... gan a bheith orthu sin thuas? R	
Láithreáin Ghréasáin: cuir isteach doiciméad ag léiriú: • struchtúr an láithreáin: mapa láithreáin, cur síos ar na príomhchodanna • dréacht den téacs agus den dearcábhar • socruithe óstaíochta • ainm fearainn • do chuid socruithe do chothabháil sa bhfadtéarma agus nuashonrú.	Leabhar nó ábhar eile clóbhuailte: cuir isteach le do thoil, doiciméad le: • dréacht den téacs críochnaithe • samplaí de na léiriúcháin atá beartaithe • imlíne ar an leagan amach grafach atá beartaithe • méid an reatha cló • na socruithe atá beartaithe do tháirgeadh, foilsiú, margáil agus dáiliúchán náisiúnta.	
Cláir Chomharthaíochta nó eolais; cuir isteach doiciméad ag léiriú: • dréacht den téacs críochnaithe • imlíne ar an leagan amach grafach • fótagraif de na láithreacha atá molta do na comharthaí • dearadh na gclár nó na gcuaillí comharthaíochta • do chuid socruithe do chothabháil sa bhfadtéarma: cé hé agus conas.	Comhdhálacha: cuir isteach doiciméad ag léiriú: • imlíne do chláir • téamaí do chláir • na láithreacha molta • na cainteoirí atá molta.	

Seimineáir nó cláir traenála: cuir isteach doiciméid ag léiriú: • imlíne do chláir • téamaí do chláir • na láithreacha molta • na traenálaithe atá molta.	Bealaigh áineasa: cuir isteach doiciméad ag léiriú: • luach oidhreachta an bhealaigh • léarscáil den mbealach • do bheartais mholta d'árachas • fianaise ar thoiliú ó úinéirí talún, poiblí agus príobháideach • do chuid socruithe do chothabháil sa bhfadtéarma: cé hé agus conas.	
Oibreacha caomhantais foirgnimh: cuir isteach doiciméad le do thoil, ag taispeáint: • áitíocht agus úsáid reatha agus beartaithe an fhoirgnimh • stádas caomhantais an fhoirgnimh (Struchtúr Cosanta, Ceantar Caomhantais Ailtireachta, Séadchomhartha Taifeadta nó Náisiúnta) agus cad uime is dóigh leat spéis ar leith a bheith ag baint leis • fótagraif den bhfoirgneamh ina shuíomh agus den bpríomh-éadan, ingearchlónna eile agus réimsí le fadhbanna • léarscáil ag taispeáint cá bhfuil an foirgneamh suite • gealltanas scríofa go gceadóidh tú do chigirí na Comhairle turas a thabhairt agus measúnú a dhéanamh ar na foirgnimh atá i gceist • sonraíocht ar na hoibreacha caomhantais foirgnimh atá beartaithe nó ráiteas ar na deisiúcháin atá ag teastáil, le líníochtaí más féidir é • deisiú dín (tuí san áireamh): fótagraif den taobh istigh d'áiléar an fhoirgnimh nuair atá drochbhail ar an díon. • do dheisiúchán ar thuí, ní mór gealltanas i scríbhinn a thabhairt go n-úsáidfidh tú ábhair áitiúla • aon úsáid á baint as an bhfoirgneamh ag ialtóga nó éin.		
7 Dearbhuithe		
Trí shíniú thíos, dearbhaím: • Go bhfuilim údaraithe an t-iarratas seo a shíniú thar ceann an Iarratasóra • Go gcinnteoidh mé go dtugtar na sonraí logála isteach d'úsáid chóras deontas na Comhairle don Iarratasóir • Go bhfuil an t-eolas atá san iarratas ceart chomh fada agus is eol dom é. • Go dtuigim, má tá aon chuid den eolas d'aon toisc nó de thimpiste míthreorach, go stadfaidh an Chomhairle an measúnú agus go ndiúltófar don iarratas • Glacaim leis go ndéanfar dícháiliú ar an iarratas seo má dhéanann aon duine stocaireacht ar an gComhairle chun go nglacfaí leis. • Nílim ag iarraidh go ndéanfadh an Chomhairle cistiú i dtreo taighde atá ar bun agam i dtreo céime iarchéime • Glacaim leis gurb é cinneadh na Comhairle Oidhreachta deireadh scéil maidir leis an iarratas seo.		Éilíonn an Chomhairle go ndéanfá dearbhuithe áirithe agus go dtabharfá geallúintí áirithe; ceadóidh an rannán seo duit é sin a dhéanamh

Trí shíniú thíos, gabhaim lem' ais, má éiríonn leis an iarratas,

- go dtosóidh an obair ar an tionscadal déanach i bhFeabhra 2012 agus go gcríochnófar í faoi dheireadh na Samhna 2012
- go ngéillfidh an tIarratasóir d'éilimh um thuarascáil, taifid agus iniúchadh na Comhairle
- go ngéillfidh an tIarratasóir do na treoirlínte um chosaint leanaí ar ghlac an Chomhairle leo
- go ndéanfar an uile obair a bhaineann leis an tionscadal de réir na dlí
- go mbeidh gach faomhadh, cead, ceadúnas nó comhthoiliú is gá faighte ag an Iarratasóir
- go gcomhlíonfar do chuid oibre ar fad de réir na bprionsabal dea-chleachtais oidhreachta
- go gcuirfidh an tIarratasóir dréachtaí iomlána d'aschur téacsa an tionscadail go dtí an Chomhairle le faomhadh roimh fhoilseachán
- go mbeidh lógó na Comhairle Oidhreachta ar na foilseacháin, na tuarascálacha agus na haschuir eile agus go ndéanfar a shonrú go bhfuair an tionscadal maoiniú ón gComhairle Oidhreachta faoin Scéim chuí Deontais in 2012
- beidh an tIarratasóir rannpháirteach i Seachtain na hOidhreachta trí ghníomhaíochtaí a mbeidh an pobal páirteach iontu a reáchtáil
- go gceadóidh an tIarratasóir don Chomhairle Oidhreachta tuarascálacha agus fótagraif an tionscadail a úsáid chun críche oideachais nó do chur chun cinn (le creidiúintí cuí d'údair agus do ghrianghrafadóirí)
- slánóidh an t-iarratasóir an Chomhairle ar aon chostais ar aon leabhal nó clúmhilleadh líomhainte
- go soláthróidh an tIarratasóir cóipeanna de thorthaí taighde nó sonraí do chibé institiúidí a shaineoidh an Chomhairle Oidhreachta
- nach ndéanfaidh deontas na Comhairle maoiniú ach ar chaiteachas ar an obair a aontaíodh
- go gcuirfear aon sonraí bitheagsúlachta a bhailítear, dúchasacha agus ionrach araon, chuig an Ionad Náisiúnta um Shonraí Bithéagsúlachta, gur féidir aon tuarascálacha suirbhéireachta ar ialtóga le tacaíocht deontais a chur chuig NPWS agus go gcinnteoidh an tIarratasóir deimhin de shonraí a bhailiú ar bhealach a thagann leis na caighdeáin náisiúnta. nach ndéantar cistiú ach ar an obair a aontaíodh, le deontas na Comhairle.
- go ngéillfidh an tIarratasóir do na téarmaí agus do na coinníollacha uile a bhaineann leis an deontas.

Ainm an teagmhálaí	
Síniú	
Dáta:	

Aguisín 2: Oifigigh oidhreachta

Ainm	Seoladh	Fón:	R-PHOST
Ann Marie Ward	Oifigeach Oidhreachta Comhairle Contae an Chabháin Ionadan Fhearnáin Sráid Fhearnáin An Cabhán	049-4378614	amcurley@cavancoco.ie
Niamh Twomey	Oifigeach Oidhreachta Comhairle Cathrach Chorcaí Halla Na Cathrach Corcaigh	021-4924018	niamh_twomey@corkcity.ie heritage@corkcity.ie
Sharon Casey	Oifigeach Oidhreachta Comhairle Contae Chorcaí Áras Na Comhairle Contae Corcaigh	021 4276891	sharon.casey@corkcoco.ie
Congella Mcguire	Oifigeach Oidhreachta Comhairle Contae an Chláir Unit 1 Lárionad Gnó an Gheata Thiar Bóthar Chill Rois Inis Co an Chláir	065-6846408 065-6821616	cmcguire@clarecoco.ie
Charles Duggan	Oifigeach Oidhreachta Comhairle Cathrach Átha Cliath Bloc 3 Urlár 3 Oifigí Cathartha Céan Adhmaid Baile Átha Cliath 8	01 2222856 01 2223824	charles.duggan@dublincity.ie

An Dr Joe Gallagher	Oifigeach Oidhreachta Comhairle Contae Dhún na nGall Leifear Contae Dhún na nGall	074-9172576	**j.gallagher@donegalcoco.ie**
Tim Carey	Oifigeach Oidhreachta Comhairle Contae Dhún Laoghaire Ráth an Dúin Áras Na Comhairle Contae Bóthar na Mara Dún Laoghaire Contae Átha Cliath	01-2054868 01-2054700	**tcarey@dlrcoco.ie**
An Dr Gerry Clabby	Oifigeach Oidhreachta Comhairle Contae Fine Gall Bosca Poist 174 Áras an Chontae, Sord Contae Átha Cliath	01- 8905697 01- 8905000	**gerry.clabby@fingalcoco.ie**
Jim Higgins	Oifigeach Oidhreachta Comhairle Cathrach na Gaillimhe Halla Na Cathrach Bóthar an Choláiste Gaillimh	091-526574 091-536400 fo-líne: 547	**jim.higgins@galwaycity.ie**
Maire Mannion	Oifigeach Oidhreachta Comhairle Contae na Gaillimhe Rannóg Pleanála Chun Cinn Áras Na Comhairle Contae Cnoc na Radharc Gaillimh	091-509000 fo-líne 198 091-509198	**mmannion@galwaycoco.ie**
Una Cosgrave	Oifigeach Oidhreachta Comhairle Contae Chiarraí Áras an Chontae Trá Lí Contae Chiarraí	066-7183370 066-7121111	**una.cosgrave@kerrycoco.ie**
Briget Loughlin	Oifigeach Oidhreachta Comhairle Contae Chill Dara Áras Chill Dara Páirc Uí Dhubhuí An Nás Contae Chill Dara	045-980791 045-980200	**Bloughlin@kildarecoco.ie**

Dearbhala Ledwidge	Oifigeach Oidhreachta Comhairle Contae Chill Chainnigh Áras Na Comhairle Contae Sráid Eoin Cill Chainnigh	056-7794126 056-7794120	**dearbhala.ledwidge@kilkennycoco.ie**
Catherine Casey	Oifigeach Oidhreachta Comhairle Contae Laoise Áras an Chontae Port Laoise Contae Laoise	057-8674348 057-8664000	**ccasey@laoiscoco.ie**
Tom O'Neill	Oifigeach Oidhreachta Comhairle Contae Luimnigh Rannóg Pleanála Chun Cinn Áras Na Comhairle Contae Tuar an Daill Luimneach	061-496350 061-496000	**toneill@limerickcoco.ie**
Máiréad Ní Chonghaile	Oifigeach Oidhreachta Comhairle Contae an Longfoirt Ceanncheathrú na Leabharlainne Ionad Baile Longfort Contae an Longfoirt	043-40731 043-41124	**mnichong-haile@longfordcoco.ie**
Brendan McSherry	Oifigeach Oidhreachta Comhairle Contae Lú Áras Na Comhairle Contae Ionad Na Mílaoise Dún Dealgan Contae Lú	042-9324109	**bren-dan.mcsherry@louthcoco.ie**
Deirdre Cunningham	Oifigeach Oidhreachta Comhairle Contae Mhaigh Eo Áras an Chontae Caisleán an Bharraigh Contae Mhaigh Eo	094 9047684	**dcunningham@mayococo.ie**
An Dr Loreto Guinan	Oifigeach Oidhreachta Comhairle Contae na Mí Áras Na Comhairle Contae An Uaimh Contae na Mí	046-9097404 046-9097400	**lguinan@meathcoco.ie**

Shirley Clerkin	Comhairle Contae Mhuineacháin Pobal agus Fiontraíocht Sráid an Mhargaidh Muineachán	047-38140 fo-líne 312	**shclerkin@monaghancoco.ie**
Labhaoise McKenna	Oifigeach Oidhreachta Comhairle Contae Thiobraid Árann Theas Áras Na Comhairle Contae Cluain Meala Contae Thiobraid Árann	052 34590	**labhao-ise.mckenna@southtippcoco.ie** **heritage@southtippcoco.ie**
Amanda Pedlow	Oifigeach Oidhreachta Comhairle Contae Uíbh Fhailí Áras An Chontae Bóthar Bhaile an Bhóthair An Tulach Mhór Contae Uíbh Fhailí	057-9346839 057-9346800	**apedlow@offalycoco.ie**
Nollaig Feeney	Oifigeach Oidhreachta Comhairle Contae Ros Comáin Teach na Cúirte Ros Comáin	090-6637100 090-6637135	**nmckeon@roscommoncoco.ie**
An Dr Rosaleen Dwyer	Oifigeach Oidhreachta Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas Áras Comhairle Contae Tamhlacht Baile Átha Cliath 24	01-4149222 01-4149000	**rdwyer@sdublincoco.ie**
Siobhan Ryan	Oifigeach Oidhreachta Comhairle Contae Shligigh Cois Abhann Sligeach	071-9111226 071-9111255	**sryan@sligococo.ie** **heritage@sligococo.ie**
Bernadette Guest Deirdre Burns	Oifigeach Oidhreachta Comhairle Contae Phort Láirge Oifigí Cathartha Dún Garbhán Contae Phort Láirge Oifigeach Oidhreachta Comhairle Contae Chill Mhantáin Áras An Chontae Cill Mhantáin	058-20839 051-395532 0404-20100 0404-20191	**bguest@waterfordcoco.ie** dburns@wicklowcoco.ie

Aguisín 3: Foinsí úsáideacha eolais

Tá naisc go láithreáin eile gurb fhéidir gur suim leat iad i mórán de na gréasáin atá liostáilte. Ina theannta sin, tá eolas agus foilseacháin ar láithreán gréasáin na Comhairle Oidhreachta **www.heritagecouncil.ie** a fhéadfadh a bheith úsáideach:

- Obair le bithéagsúlacht – an dlí agus tusa
- Caomhnú na bhfál
- Caomhnú agus feabhsú fiadhúlra i mbailte agus sráidbhailte: eolaí do ghrúpaí pobail áitiúla
- Eaglaisí agus Reiligí Stairiúla na hÉireann
- Ialtóga, Éin, Foirgnimh agus Tusa.
- Feirmeoireacht agus seandálaíocht: Tírdhreach stairiúil na hÉireann: pointí úsáideacha maidir le bainistíocht agus foinsí
- Bunachar sonraí agus tuarascálacha ar staidéar na ndorchlaí uiscebhealaí
- Cúram Ghloine Dhaite
- Cúram do bhailiúcháin: lámhleabhar do chaomhantas coscthach d'fhoirgnimh thraidisiúnta ar fheirmeacha in Éirinn.

Oifigigh oidhreachta

Féach Aguisín 2.

Rinne roinnt oifigeach oidhreachta ó údaráis áitiúla acmhainní úsáideacha a tháirgeadh dá gcontaetha. Molaimid duit láithreán gréasáin na n-údarás áitiúla a sheiceáil dóibh seo chomh maith.

Foinsí eile

- Iascaigh Intíre na hÉireann **www.fisheriesireland.ie**: déan teagmháil le hoifigigh iascaigh áitiúla len iad a chur san airdeall faoi aon obair atá beartaithe ar aibhneacha nó ar dhobharlaigh eile intíre
- Aonad Forthrá an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil d'fhaisnéis ar cheadúnais fhorthrá etc
- An tSuirbhéireacht Ordanáis **http://maps.osi.ie** do mhapaí ar-líne ar a n-áirítear mapaí stairiúla
- Institiúid um Chaomhnú Saothair Stairiúla agus Ealaíon in Éirinn **www.ichawi.org**: liosta na mball
- Institiúid Seandálaithe na hÉireann **www.iai.ie**: clár na mball
- Tionscnamh um Speicis Ionracha Éireann **www.invasivespeciesireland.com**: conas is féidir speicis ionracha a aithint; cóid chleachtais chun a leathadh a stop agus treoracha dea-chleachtais maidir le deireadh a chur le speicis áirithe
- Cartlann Ailtireachta na hÉireann **www.iarc.ie**
- Cumann Seoirseach na hÉireann **www.igs.ie**: clár de dhaoine le taithí i scileanna traidisiúnta tógála
- Cumann Músaem na hÉireann **www.irishmuseums.org**
- Cumann na gCartlanna agus na dTaifead **www.learnaboutarchives.ie**
- Cumann Éireannach um Chaomhnóirí agus Athchóiritheoirí Proifisiúnta **www.ipcra.org**: liosta de bhaill ag clúdach an iomaí cineál réada agus foirgneamh oidhreachta
- Clár Caighdeán na Músaem in Éirinn **www.museumsireland.ie**
- Cartlanna Náisiúnta na hÉireann **www.nationalarchives.ie**
- An tIonad Náisiúnta um Shonraí Bithéagsúlachta **www.biodiversityireland.ie**: faisnéis agus mapaí maidir le dáileachán na bithéagsúlachta, chomh maith le treoir maidir leis an bhformáid ar cheart do shonraí a chur isteach go dtí an INSB
- Garraithe Náisiúnta na Lus Foirgnimh Stairiúla in Éirinn **www.buildingsofireland.ie**
- Leabharlann Náisiúnta na hÉireann **www.nli.ie**
- Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta : **www.archaeology.ie**:eolas ar reachtaíocht do sheandálaíocht agus ar láithreáin seandálaíochta
- An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra: **www.npws.ie:** treoirlínte agus eolas maidir le reachtaíocht ábhartha
- Institiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann **www.riai.ie**: cuardaigh ailtirí le taithí i gcaomhnú foirgneamh
- Comhairle Crann na hÉireann **www.treecouncil.ie**
- Uiscebhealaí Éireann **www.waterwaysireland.org**

Aguisín 4: Dea-chleachtas oidhreachta

Is éard atá i gceist le dea-chleachtas oidhreachta ná an cur chuige is ceart a roghnú le caitheamh le hoidhreacht laistigh de do thionscadal: gníomhaíochtaí, comhairle, eitic agus modheolaíochtaí cruthaithe, gur cheart go gcaithfí le hoidhreacht mar is cóir ach iad a leanúint. Ciallaíonn sin nár cheart dochar a dhéanamh di agus, nuair is féidir é, ba chóir a riocht a fheabhsú; agus ba cheart go mbeadh sin lárnach, ina thuras, lena dheimhniú go sásaíonn tionscadal a thorthaí inmhianaithe.

Mar shampla:

- níor cheart go gcuimseodh caomhnú fuinneog ghloine dhaite athphéinteáil ar chodanna den fhuinneog ná den ghloiniú stoirme
- is foirgnimh á gcaomhnú, is fearr ábhair a úsáid atá ag teacht leis na teicneolaíochtaí bunaidh a úsáid. Mar shampla, má úsáideadh moirtéal aoil i mballa, deisítear le moirtéal aoil é, seachas coincréit; i ndeisiúchán dín tuí, baintear úsáid as stíleanna agus ábhair thraidisiúnta
- is bogach á athshlánú níor cheart go mbeadh scrios ar ghnáthóg eile mar thoradh air
- ba chóir go leanfadh an modh a roghnaítear do dhíothú ródaideandrón agus speicis eile ionracha an Treoir um Dhea-Chleachtas Bainistíochta ó Speicis Ionracha Éireann.

Is féidir go gciallódh dea-chleachtas oidhreachta cleachtas ar leith ar an láthair, m.sh. agus foirgneamh á dheisiú nó agus gnáthóg a bheith á athshlánú Is féidir leis chomh maith bheith ionann leis an mbealach ina bhfuil beartaithe agat an oidhreacht a bhainistiú, mar shampla:

- Tuarascáil a chur le chéile ar chaomhnú foirgnimh nó réada oidhreachta
- plean bainistíochta caomhnaithe a leagan amach do láithreán a bheadh ina ábhar spéise cultúrtha nó fiadhúlra
- ceapadh pleananna caomhantais d'áiteanna agus do thírdhreacha ar leith.

Is féidir na prionsabail a oireann don dea-chleachtas a bheith éagsúil ó réimse oidhreachta go chéile. Mar shampla, i gcaomhnú foirgneamh, déantar díspreagadh ar choincheap an **athchóirithe**, agus san am céanna tá athchóiriú lárnach do thionscadail áirithe bainistíochta gnáthóg. Do thionscadail taighde, ciallaíonn dea-chleachtas an mhodheolaíocht is stóinsithe dá bhfuil ar fáil agus a oireann do do thionscadal, a úsáid.

Ach éilíonn gach uile tionscadal oidhreachta rochtain a bheith ar chomhairle agus eolas stuama sula dtosaítear ar thionscadal, agus éilíonn siad uile go mbeadh gné na hoidhreachta i gcroí lár an tionscadail. Ní dóichí rud ná go n-éileodh seo gairmiúlach sa réimse ábhartha oidhreachta, mar chomhairleoir nó mar mhaor.

Prionsabail áirithe an dea-chleachtais agus foinsí chomhairle do shainréimsí oidhreachta	
Foirgnimh • Íosmhéid idirghabhála • Inaisathraitheacht • Ábhair thógála: déan athsholáthar leis an gcineál céanna • Feidhm a bhaint as ailtirí nó innealtóirí le taithí i gcaomhnú foirgneamh • Féach láithreáin gréasáin IRAÉ agus Cumann Seoirseach na hÉireann	**Réada nó doiciméid** • Íosmhéid idirghabhála • Inaisathraitheacht • Ábhair thógála: déan athsholáthar leis an gcineál céanna • Caomhnóir cáilithe nó le taithí a bheith i mbun na hoibre • Féach láithreáin gréasán ICHAWI, IPCRA agus Cumann na gCartlannaithe
Bithéagsúlacht. • Bain feidhm as modhanna a cruthaíodh go heolaíoch • Bain feidhm as modheolaíochtaí cruthaithe agus gnáthóga á n-athchóiriú nó agus speicis ionrathacha á gcartadh • Oibrigh in éineacht le, seachas in aghaidh na bpróiseas nádúrtha go háirithe cois cósta agus ar aibhneacha • Éiceolaí cáilithe le taithí a bheith ag maoirsiú na hoibre • Féach láithreáin gréasáin NPWS, Ionad Náisiúnta un Sonraí Bithéagsúlachta, Garraithe Náisiúnta na Lus, An Príomh-Bhord Iascaigh	**Seandálaíocht** • Comhairle agus cúnamh a lorg ar an tSeirbhís um Séadchomharthaí Náisiúnta ó ar d'Oifigh Áitiúil Oidhreachta • Bain tuiscint amach trí thaighde roimh dul i mbun aon oibreacha • Íosmhéid idirghabhála • Déan taifead ar an mbealach is lú díobhála • Cuir fionnachtana in iúl do Mhúsaem Náisiúnta na hÉireann • Féach láithreáin gréasáin na Seirbhíse Náisiúnta Um Shéadchomharthaí agus Institiúid Seandálaithe na hÉireann

Aguisín 5: Institiúidí nach mór cóipeanna de thorthaí nó de shonraí an tionscadail a chur chucu

Ní mór torthaí nó sonraí a roinnt nó a thaisceadh leis an gComhairle Oidhreachta agus le hinstitiúidí ábhartha mar iad seo:

An tIonad Náisiúnta Sonraí Bithéagsúlachta **www.biodiversityireland.ie**

Cartlann Ailtireachta na hÉireann **www.iarc.ie**

Leabharlann Náisiúnta na hÉireann **www.nli.ie**

Ard-Mhúsaem na hÉireann **www.museum.ie**

Suirbhé Seandálaíocht na hÉireann **http//www.achaeology.ie**

Cartlanna Náisiúnta na hÉireann **www.nationalarchives.ie**

Cartlanna nó Leabharlanna Contae **www.nationalarchives.ie/contactus/agencies.html**

Aguisín 6: Iarratais ar líne: Gnéithe teicniúla

Na Bun Nithe

Sa chéad áit, teastóidh ríomhaire le ceangal leis an idirlíon uait. Déanfaidh ceangal diailithe an gnó **mura bhfuil** sé i gceist agat doiciméid mhóra a uaslódáil mar thaca le d'iarratas.

Sa dara háit, déan rochtain, le do thoil, ar an gcóras iarratais ar-líne trí Internet Explorer amháin. Ba chóir fianáin agus JavaScript a bheith cumasaithe ar do bhrabhsálaí, do láithreán gréasáin na Comhairle Oidhreachta ar a laghad. Ar an droch uair, tá an chuma ar an scéal go n-éiríonn deacrachtaí nuair a úsáidtear Apple Mac, agus beidh an tOifigeach Deontas sásta cabhrú le húsáideoirí le faisnéis a uaslódáil.

Sa tríú háit, teastóidh clár r-phoist uait (mura n-úsáideann tú do bhrabhsálaí don r-phost) : má dhéanann tú iarratas ar líne, déanfaidh an Chomhairle teagmháil leat ar líne. Má tá bogearraí slándála á n-úsáid agat (m.sh. balla dóiteáin nó córas scagtha turscair), cuir ar liosta glactha<noreply@heritagecouncil.ie> nó déan seiceáil go rialta lena dheimhniú nach bhfuil beirthe ag do chuid scagairí ar aon r-phost ón gComhairle.

Sa cheathrú háit, beidh bogearraí frithvíreas uait d'fhonn a bheith cinnte go bhfuil aon doiciméid a uaslódálann tú saor ó víreas agus earraí eile mailíseacha. Má thagann an córas ar líne ar aon earraí mailíseacha, diúltóidh sé do d'iarratas.

Ní féidir le doiciméad uaslódáilte bheith níos mó ná 5mb agus ní mór é a bheith i bhformáid PDF nó JPEG. Tig leat oiread doiciméad agus is mian leat a uaslódáil

An láithreán gréasáin

Ar leathanach na Comhairle Oidhreachta ag **http:// www.heritagecouncil.ie/grants/** tiocfaidh tú ar nasc le "Online Grants System" nó tig leat dul díreach go **www.heritagecouncil.ie/grants/online-grants-system/**

Ar do chéad thuras duit ar Chóras Deontas Ar-líne, roghnaigh **Iarratasóir Nua** agus cláraigh féin (má tá iarratas á dhéanamh agat mar dhuine aonair) nó d'eagraíocht. Cruthóidh na bunsonraí a chuireann tú isteach taifead duit; ar thurais ina dhiaidh sin, beidh ar do chumas logáil isteach, ó ríomhaire ar bith, le d'Ainm Úsáideora agus do Phasfhocal.

Comhlánú na foirme iarratais ar líne

Tá an fhoirm iarratais fadálach agus ní dócha go n-éireoidh leat í a chomhlánú in aon seisiún amháin. Ceadaíonn an córas duit do chuid oibre a shábháil, logáil amach agus logáil isteach arís, do sheisiún eile, a mhinice agus is mian leat. Tig leat ábhar nua a chur leis nó nithe atá curtha isteach agat cheana féin a athrú. Ba cheart duit do chuid oibre a shábháil go rialta; déan amhlaidh i gcónaí roimh logáil amach duit..

Tá treoir maidir le comhlánú na foirme sa leabhrán seo agus sa chóras cabhrach ar-líne araon.

Nuair a bheidh d'iarratas comhlánaithe agus seiceáilte, brúigh an **cnaipe** Cuir Isteach. A luaithe is a bheidh sin déanta agat ní bheidh ar do chumas d'iarratas a athrú. Bí cinnte de chur isteach roimh an spriocdháta (5.00pm ar an 8 Deireadh Fómhair 2010); ní ghlacfaidh an córas le hiarratais i ndiaidh an dáta sin.

Tig le hiarratasóir amháin mórán iarratas a chur isteach, ach is gá foirm ar leith a chomhlánú do gach iarratas ar leith.

Má tá tú ag comhlánú iarratas mar ghníomhaire — mar shampla, mar chuideachta nó comhairleoir gairmiúil thar ceann chliaint — meastar ana cliant a bheith ina Iarratasóir. Tusa atá freagrach as deimhin a dhéanamh de go dtugtar an fhaisnéis logála isteach d'Iarratasóirí den chineál sin chun go dtig leo na tuarascálacha eatramhacha agus deiridh a chomhlánú agus feidhm nach é a bhaint as an gcóras ar-líne.

Iarratas a dhréachtadh

Toisc an fhoirm iarratais a bheith chomh fada sin, b'fhéidir gur mhaith leat dréachtadh a dhéanamh ar d'iarratas ar do phróiseálaí focal sula dtosóidh tú ar eolas a iontráil ar-líne. D'fhéadfadh sin éascú a dhéanamh duit ar an dréacht a phlé le comhghleacaithe, le comhairle a lorg agus le feabhsuithe a dhéanamh.

Tig leat ansin an t-ábhar a chóipeáil agus a ghreamú, mír ar mhír, isteach san fhoirm. Ní ghlacfaidh sé le rud ar bith ach gnáth-théacs, agus dá bhrí sin ná bac le formáidiú ornáideach.

Tig leat cóip de do dhréacht deiridh a choimeád lena bhfuil curtha isteach san fhoirm a mheabhrú duit féin, ach beidh ar do chumas chomh maith cóip den iarratas a shábháil ón bhfoirm ar líne:

- brúigh an cnaipe Priontáil ag bun an scáileáin agus feicfidh tú an t-iarratas ar fad, leis an eolas atá tugtha agat go dtí seo
- beidh cnaipe eile Priontál ar dheis ar bharr: brúigh sin le cur i gcló
- tig leat chomh maith an t-iarratas a Shábháil ar do ríomhaire féin, ag baint feidhme as Sábháil, Sábháil Mar nó a gcomhshamhail ar do bhrabhsálaí.

Doiciméid agus comhaid eile tacaíochta

Feicfidh tú go soláthraíonn an córas ar-líne caoi duit le doiciméid (nó comhaid eile, m.sh. pictiúir) a uaslódáil le tacaíocht a thabhairt do d'iarratas. Beidh líon agus cineál na ndoiciméad a bheidh le huaslódáil ag brath ar nádúr d'iarratais. Tá teorainn 5MB le gach aon doiciméid ar leith ach tig leat mórán doiciméad a uaslódáil. Ní ghlacfar le formáidí doiciméid ach amháin PDF agus JPG.

Más ann do do chuid comhad nó doiciméad ar pháipéar amháin, beidh ort iad a scanadh isteach i gcomhaid ríomhaireachta. Tig le mórán de na scairdphrintéirí nua-aoiseacha scanadh agus (agus cóipeáil) a dhéanamh chomh maith le priontáil, agus tá níos lú ná €100 ar chuid díobh. Mura bhfuil teacht agat ar a leithéid de phrintéir, b'fhéidir go mbeidh ort dul go dtí siopa priontála nó cóipeála le scanadh a dhéanamh ar do chuid doiciméad. Iarr orthu iad a scanadh go JPEG. Is féidir go mbeidh ort CD bán nó méaróg USB (méaróg chuimhne) a thabhairt leat le stóráil a dhéanamh ar do chomhaid nua.
Is deacair uaireanta teacht ar scanóirí gur féidir leo leathanaigh A3 nó aon rud níos mó ná A4 a láimhseáil. Má tá doiciméad mór dá leithéid sin agat déan scanadh ina mhíreanna air. Má bhíonn na comhaid dá thoradh sin an-mhór, i. os cionn na teorann 5 MB laghdaigh a méid nó a taifeach: ní gá íomhánna ná scanadh ardchaighdeáin a chur isteach.

Is féidir comhaid i bhformáid JPG (m.sh. grianghraif nó scanadh ar dhoiciméid) a uaslódáil mar atá (ar a shon sin, má tá siad an-mhór b'fhéidir go mbeadh ort iad a laghdú faoi bhun na teorann de 5MB). Is gá gach aon chineál eile comhad a athrú go formáid PDF; tá treoir sa chéad rannán eile ar an mbealach leis sin a dhéanamh.

Ag Táb 6 **Uaslódáil Doiciméid** ar an gcóras ar-líne a dhéantar uaslódáil. Meabhróidh an leathanach sin duit na doiciméid a bheidh uait. Ceadaíonn sé duit teideal a iontráil do gach aon doiciméad (féach **Ainmniú comhaid** thíos); ansin téigh go dtí réimse Cosán Comhaid agus brúigh **Brabhsáil** le teacht ar an doiciméad nó ar an gcomhad ar do ríomhaire féin. A luaithe is a bheidh comhad roghnaithe agat, gliogáil **Oscail**. Beidh ort chomh maith na doiciméid uile a theastaíonn uait a uaslódáil a ainmniú. A luaithe is a bheidh seo déanta brúigh an **cnaipe Uaslódáil Doiciméid**.

Diúltófar d'aon doiciméid ina bhfuil víreas nó earraí mailíseacha.

Aistriú doiciméid agus comhaid go formáid PDF

Le comhad a aistriú go formáid PDF, is féidir go mbeadh ort clár déanta nó tiontaireachta PDF a shuiteáil (tá bealach le PDF a chruthú i gcuid de na cláir próiseála focal is déanaí). Tá mórán déantóirí nó tiontairí PDF ar fáil le híoslódáil ó leithéidí **www.tucows.com**, **www.butterscotch.com**, downloads.zdnet.com nó **www.cnet.com.** Tá cuid díobh saor in aisce, cuid eile an-saor agus cuid eile saor chun tástála (ar feadh méid áirithe ama, nó líon áirithe úsáidí). Tá liosta de bhogearraí saor in aisce ar **http:// www.4xpdf.com/2008/10/create-pdfs-for-free-a-list-of-free-pdf-creation-and-pdf-generation-software/**
Murar úsáid tú a leithéid de bhogearraí cheana, bain triail as agus faigh taithí air: ná fág go dtí gar don spriocdháta don iarratas a chur isteach é le triail a bhaint as den chéad uair. Sula n-aistreoidh tú an comhad, sábháil cóip faoi ainm (beagán) difriúil, chun nach gcaillfear do chuid sonraí má théann an rud sa mhuilinn ort.

Oibríonn formhór na dtiontairí nó na déantóirí PDF trí phrintéir fíorúla (samhailteach) a chur leis an liosta printéirí atá suiteáilte ar do ríomhaire. Dá bhrí sin, nuair a theastaíonn uait do PDF a dhéanamh, ní gá duit ach dul go dtí do roghchlár priontála, an printéir PDF a roghnú agus a rá leis an ríomhaire priontáil.
Ní chlófaidh sé cóip fhisiciúil ar pháipéar; ina áit sin priontálfaidh sé (i. cruthóidh sé) comhad PDF ó do chomhad. Beidh ar do chumas ansin cibé ainm is rogha leat a thabhairt don chomhad, ach is é an rud is simplí ná an t-ainm céanna a choimeád agus an iarmhír .PDF a chur leis.

Ba mhaith an rud é do chomhad nua a chur i gcomparáid leis an gcomhad bunaidh; más ann d'aon fhadhb, b'fhéidir go mbeadh ort déantóir nó tiontaire eile PDF a roghnú.

Doiciméid nó Comhaid a ainmniú

Ceadaíonn Táb 6 Uaslódáil Doiciméid duit teideal a thabhairt do gach comhad nó doiciméad atá beartaithe agat a uaslódáil. Beidh comhadainm air cheana féin, agus tig leat é sin a úsáid, ach b'fhéidir gur mhaith leat ainm a mhíníonn cad atá i gceist ann: rud a thuigfá dá mbeadh ort féachaint air arís níos déanaí. D'fhéadfá, mar shampla, ainm an iarratasóra (d'ainm féin nó ainm d'eagraíochta) a chur in ainm an chomhaid, ag tabhairt rud éigin mar "<Ainm an Iarratasóra> Deontas CO 2011" air. Má tá mórán doiciméad agat, d'fhéadfá iarracht a dhéanamh ar a rá cad atá i ngach aon cheann ar leith díobh: "<ainm an iarratasóra> Deontas CO 2011 mapa 1", "<ainm an iarratasóra> Deontas CO Fótagraf 4" agus mar sin de.